
CEARTA TEANGA:

AN BÓTHAR AMACH ROMHAINN


LANGUAGE RIGHTS: THE ROAD AHEAD

The Community Foundation




SONRAÍ TEAGMHÁLA:

Conradh na Gaeilge,
200-202
Bóthar na bhFál,
Béal Feirste,
BT12 6AH
cuisle@cnag.ie
www.cnag.ie | www.dearg.ie



www.cnag.ie



www.dearg.ie

Design by Clem Ó Brolcháin
www.creativeworkerscooperative.com

GAEILGE

NA BUNRUDAÍ	4
CLOCHA MÍLE CINNIÚNACHA AN FHEACHTAIS	6
CEARTA TEANGA	8
COMHAONTÚ AOINE AN CHÉASTA	12
AN CHAIRT EORPACH UM THEANGACHA RÉIGIÚNACHA NÓ MIONLAIGH	16
COMHAONTÚ CHILL RÌMHINN	21
RÉ NUA CUR CHUIGE NUA	24
COIMISINÉIR NA GAEILGE	26
CAIGHDEÁIN DHEA-CHLEACHTAIS AGUS ÚDARÁIS PHOIBLÍ	29
RANGÚ AR NA HÚDARÁIS PHOIBLÍ	32
AITHEANTAS OIFIGIÚIL MAIDIR LE STÁDAS NA GAEILGE	33
AISGHAIRM AN ACHTA UM RIAR AN CHEARTAIS 1737	34
STRAITÉIS DON GHAEILGE	35
MOL LÁRNACH AISTRIÚCHÁIN	36
AN GHAEILGE SA TIONÓL	37
CAD IS FÉIDIR LIOMSA A DHÉANAMH ANOIS?	38
10 N-ATHRÚ DHEARFACHA I RÉ RÉ NUA CUR CHUIGE NUA	40

NA BUNRUDAÍ

TEANGA MHIONLAIGH: Teanga a labhraíonn grúpaí atá níos lú ó thaobh uimhreacha de ná an chuid eile den daonra.

POBAL TEANGA: Grúpa de dhaoine a labhraíonn, atá ag foghlaim, nó a bhfuil baint acu le teanga ar leith i ndúiche áirithe.

LEITHCHEAL Ó THAOBH TEANGA DE: Ag caitheamh le duine ar bhealach difriúil, de ghnáth go diúltach, mar gheall ar an teanga a labhraíonn siad.

REACHTAÍOCHT: Dlí nó sraith dlíthe atá rite ag an Tionól. Faoi Acht TÉ (1998) is féidir le Tionól TÉ reachtaíocht a rith (dlíthe a dhéanamh) ar chúrsaí cineachta (cúrsaí atá faoi smacht an Tionóil), mar shampla sláinte, oideachas, airgeadas, eacnamaíocht, cóir, infreastruchtúr, talmhaíocht agus cúrsaí tuaithe.

BILLE VS ACHT: Is ionann bille agus moladh le haghaidh reachtaíochta, a bhaineann stádas achta amach má ritheann an Tionól é. Is gá do bhille Aontú na Banríona a fháil sula ndéantar acht dó. Go bunúsach, is ionann bille agus acht sular gceadaítear é.

COMHAONTÚ AOINE AN CHÉASTA (CAAC) (1998): Comhaontú a shínigh Rialtas na Breataine agus na hÉireann, mar aon le bunús na bpáirtithe polaitiúla anseo, chun rialtas cineachta a bhunú, rialtas ina mbeadh cumhacht á roinnt idir náisiúnaithe agus aontachtaithe. Bhí sé de sprioc ag CAAC cosaintí dlíthiúla a thabhairt isteach chun comhionannas agus cearta daonna a chur chun cinn, agus deireadh a chur le leithcheal institiúideach.

TIONÓL TÉ: Lárionad an rialtais ó thuaidh, áit a ndéanann ionadaithe polaitiúla díospóireachtaí, áit a ritheann siad dlíthe agus 'a ndéantar scrúdú ar Airí de chuid an Fheidhmeannais maidir le cúrsaí agus ceisteanna cineachta áitiúla a thiteann faoin a smacht agus a théann i bhfeidhm ar dhaoine anseo.

FEIDHMEANNAS TÉ: Freagrach as an rialtas cineachta anseo a reáchtáil thar ceann an Tionóil. Cuimsíonn an Feidhmeannas an Chéad Aire, an Leas-Chéad Aire agus ochtar n-Airí eile.

AN CHAIRT EORPACH UM THEANGACHA RÉIGIÚNACHA NÓ MIONLAIGH (CETRM):

Conradh Eorpach (comhaontú ceangailteach, oifigiúil) a leagann amach treoracha agus polasaithe praiticiúla maidir le cosaint agus cur chun cinn theangacha réigiúnacha nó mionlaigh. Tá an CETRM faoi choimirce Chomhairle na hEorpa, institiúid atá difriúil agus scartha ón Aontas Eorpach. Ní théann aistarraingt na Breataine ón Aontas Eorpach i bhfeidhm ar a gcuid oibleagáidí faoin CETRM.

COMHAONTÚ CHILL RÌMHINN: Comhaontú a baineadh amach mar thoradh ar phróiseas chainteanna traspháirtí le Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann, mar aon le gach mór-pháirtí polaitiúil ó thuaidh, maidir le dilárú na cumhachta. Mar phríomhthoradh ar an chomhaontú seo cuireadh an Tionól ó thuaidh ar bun arís don chéad uair ó bhí 2002 ann.

RÉ NUA CUR CHUIGE NUA (RNCCN) (2020):

Comhaontú traspháirtí a tháinig chun tosaigh mar thoradh ar phróiseas idirbheartaíochta idir Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann, ar mhaithe le Tionól TÉ a athbhunú i ndiaidh briseadh trí bliana (ó 2017). B'ionann seo agus an chéad chomhaontú a thug aitheantas oifigiúil do stádas na Gaeilge ó thuaidh.

AN COIMISINÉIR GAEILGE: Is foras oifigiúil de chuid an Rialtais atá i gceist anseo, a bhfuil cumhachtaí dlíthiúla aige chun údaráis phoiblí a threorú, mionscrúdú a dhéanamh orthu agus dualgais a chur orthu chun tuilleadh deiseanna agus seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil do phobal na Gaeilge.

ÚDARÁIS PHOIBLÍ: Eagraíochtaí poiblí a fhaigheann maoiniú rialtais / poiblí chun seirbhís poiblí nó rialtais a chur ar fáil.

CAIGHDEÁIN TEANGA: Sraith de chumhachtaí agus oibleagáidí a cheanglaíonn an Coimisinéir Gaeilge le comhlachtaí poiblí maidir le soláthar seirbhísí teanga. Leagann caighdeáin teanga amach na dóigheanna ar ceart d'údaráis phoiblí bheith ag caitheamh leis an Ghaeilge, agus ag úsáid na Gaeilge i gcásanna difriúla leis an phobal. Faoin chomhaontú RNCCN, is gá d'údaráis phoiblí 'aird mar is cuí' a thabhairt do na caighdeáin teanga a luaitear leo. Tá seo i bhfad níos laige ná múnla na Breataine Bige, ina bhfuil dualgas orthu caighdeáin teanga a chur i bhfeidhm go hiomlán.

FOCLÓIR (GAEILGE-BÉARLA)

AIRD MAR IS CUÍ: Is téarma dlíthiúil é seo.

Nuair atá 'aird mar is cuí' i gceist, ní mór d'údaráis phoiblí machnamh ceart a dhéanamh ar na dualgais faoi chaibidil, go háirithe mar a bhaineann siad le hoibleagáidí comhionannais, agus ní mór dóibh an machnamh sin a dhéanamh sula nglacann siad cinneadh nó sula gcomhlíonann siad a gcuid dualgas. De bhrí nach bhfuil toradh ar leith i gceist leis an chur chuige seo, is féidir leis a bheith deacair fianaise de leithcheal agus neamhionannas sa phróiseas cinnteoireachta a thabhairt chun solais; is féidir le húdarás poiblí neamhaird a dhéanamh ar a gcuid dualgas, nó is féidir leo glacadh leis agus ansin na céimeanna a thóg siad chun é a chur san áireamh a léiriú. Léirigh dualgas Alt 75 chun 'aird mar is cuí' a thabhairt ar an ghá le comhionannas deise a chur chun cinn nach bhfuil ag éirí go maith leis an chur chuige seo ó thaobh chomhionannais de.

MÚNLA DEA-CHLEACHTAIS: Is ionann aon mhúnla dea-chleachtais agus saineolas nó polasaithe maithe atá ag tíortha eile nó eagraíochtaí eile bunaithe ar na heispéiris s'acu féin i dtaobh na teanga de. Fríd a bheith ag tarraingt ar mhúnlaí eile dea-chleachtais, is féidir linn rudaí a n-éiríonn go maith leo a chur i bhfeidhm anseo, agus meancóga a rinneadh in áiteanna eile a sheachaint.

STÁDAS OIFIGIÚIL: Tugann seo leibhéal cosanta don teanga agus éascaíonn sé deiseanna níos leithne chun an Ghaeilge a úsáid le húdaráis an stáit; mar sin, nuair a dhiúltaítear do na cearta sin, is féidir an diúltú sin a thabhairt os comhair na gcúirteanna.

TAIRISCINT GHNÍOMHACH: Is cleachtas nó cur chuige é seo a úsáideann údaráis phoiblí nó eagraíochtaí de chuid an stáit chun seirbhísí Gaeilge a ofráil ar dtús, sula ndéanann an cainteoir Gaeilge an tseirbhís a lorg. Baineann seo an fhreagracht den Ghaeilgeoir agus fágann sé an fhreagracht ar an tsoláthróir seirbhíse.

GAEILGE	BÉARLA
<i>Reachtaíocht</i>	Legislation
<i>An Coimisinéir Gaeilge</i>	Irish Language Commissioner
<i>Rogha an diúltaithe</i>	Opt-out
<i>Treochlár (chun sprioc a bhaint amach)</i>	Road map
<i>Faoi cheangal ama</i>	Time bound
<i>Cinnteoir</i>	Decision maker
<i>Iompróir dualgas</i>	Duty bearer
<i>Sealbhóir na gceart</i>	Rights holder
<i>Comhlacht páirtspiléach</i>	Arm's length body
<i>na Buan-Orduithe</i>	Standing orders
<i>Aistriúchán comhuaineach</i>	Simultaneous translation
<i>Seirbhís éighníomhach (aistriúchán)</i>	Passive service (translation)
<i>Infhorfheidhmithe le dlí</i>	Enforceable by law
<i>Aird mar is cuí a thabhairt ar...</i>	To pay due regard to
<i>Caighdeán teanga (na caighdeáin teanga)</i>	Language standard(s)
<i>An Tionól</i>	The Assembly
<i>An Feidhmeannas</i>	The Executive
<i>Aire Rialtais</i>	Government Minister
<i>Roinn Rialtais (Ranna Rialtais)</i>	Government Department(s)

CLOCHA MÍLE CINNIÚNACHA SAN FHEACHTAS AR SON CHEARTA TEANGA

→

1969:
Bunaíodh Gaeltacht
Bhóthar Seoighe



1971:
Bunaíodh Bunscoil Phobal
Feirste

←

→

1991:
Bunaíodh Meánscoil Feirste



→

1998:
Síníodh Comhaontú Aoine
an Chéasta



→

2001:
Dhaingnigh Rialtas na
Breataine An Chairt
Eorpach (CETRM) don
Ghaeilge

→

2006:
Síníodh Comhaontú Chill
Rimhinn



→

2014:
An Chéad 'Lá Dearg'



2014:
Feachtas #BusAnois

←

→

2015:
Bunaíodh Gaelcholáiste
Dhoire

→

2015:
Comhairliúcháin RCEF
maidir le Bille na Gaeilge
ina léiríodh tacaíocht ó
94.7% d'fhreagróirí

→

2016:
Toghchán an Tionóil #ae16

2016:
Bhain an DUP
maoiniú ón scéim
sparánachta Líofa

↑



2017:
Seoladh 'An Dream Dearg'
ar na meáin shóisialta



2017:
Agóid de chuid 'An Dream
Dearg' ag Oifigí RP i mBéal
Feirste

2017:
Bua ag Conradh na
Gaeilge san Ard-
Chúirt i gcoinne An
Fheidhmeannais maidir leis
an Straitéis



**2017-
2019:**
An Lá Dearg &
#AchtAnois

EANÁIR 2020:
An comhaontú polaitiúil
**Ré Nua Cur Chuige
Nua (RNCCN)**

**MÁRTA-
MEITHEAMH 2021:**
Tuilleadh brú agus Feachtas
#SeasAnFód de chuid 'An
Dream Dearg'

MEITHEAMH 2021:
Tugann Rialtas na Breataine
coimhlint go dtabharfaidh siad
féin an reachtaíocht isteach ag
Westminster roimh dheireadh
Dheireadh Fómhair 2021

**CAD É AN
CHÉAD RUD
EILE?**



LE BLIANTA beaga anuas, tá an feachtas maidir le stádas oifigiúil agus Acht Gaeilge go mór chun tosaigh ar an chlár polaitiúil ag Cnoc an Anfa. Theip ar an Fheidhmeannas Acht Gaeilge a chur i bhfeidhm, faoi mar a gealladh i roinnt conarthaí idirnáisiúnta, agus mar thoradh ar an teip leanúnach sin, theip ar an Fheidhmeannas féin agus thit an Tionól in 2017. Leis sin, tháinig ceist na reachtaíochta don Ghaeilge chun cinn go láidir agus glacadh leis mar chuid lárnach d'athbhunú na n-institiúidí rialtais in Eanáir 2020 agus mar chuid den comhaontú Ré Nua Cur Chuige Nua (RNCCN). Don chéad uair i stair an stáit ó thuaidh, socraíodh sa chomhaontú RNCCN go mbeadh cearta na nGael fréamhaithe i reachtaíocht. Cé nár chomhlíon an comhaontú seo, nó an reachtaíocht a gealladh, an cineál Achta a gealladh mar chuid de Chomhaontú Chill Rímhinn in 2006, aithníodh go ndearnadh dul chun cinn stairiúil do phobal na Gaeilge anseo agus luadh an socrú mar cheann scríbe san aistear fada i dtreo cheart teanga.

Níl aon amhras ann ach gur réitigh blianta fada d'fheachtasaíocht agus den eagrú pobal-bhunaithe an bealach do na coimítmintí úra seo, a thagann sna sála ar bhlianta fada de chur i gcéill agus teip pholaitiúil maidir le reachtaíocht a gealladh go minic roimhe seo. Tá pobal na Gaeilge, mar sin, buartha go ndéanfar dearmad ar na coimítmintí seo arís agus go gcuirfear na cearta teanga seo ar an mhéar fhada arís eile.

Tá na buairimh seo bunaithe ar bhlianta fada de thaithí.

Faoi mhí an Mheithimh 2021, agus breis is 600 lá imithe ó foilsíodh RNCCN, ní raibh aon dul chun cinn déanta ar an reachtaíocht Ghaeilge. Mar thoradh ar bhrú úr agus éilimh leanúnacha ón phobal, gheall Rialtas na Breataine ag an phointe seo go dtabharfadh siad féin

an reachtaíocht isteach ag Westminster roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2021, agus go mbeadh an Coimisinéir Gaeilge úr ceaptha faoi Mhárta 2022, mura mbeadh sin ar fad déanta ag an Fheidhmeannas féin roimh dheireadh Mheán Fómhair 2021. Chaill an Feidhmeannas an spriocdháta sin. Go dáta, níl aon reachtaíocht tugtha isteach i Westminster ach oiread.

Léiríonn feachtas 'An Dream Dearg' gur féidir le gnáth-dhaoine ceisteanna a thiomáint go croí an chláir pholaitiúil agus go leanfaidh siad ag brú i dtreo chur i bhfeidhm iomlán na reachtaíochta teanga seo. Ní sheasfaidh muid ar an imeall gan ghníomhú. Eagróidh muid agus socróidh muid ár gclár oibre féin.

Is é an sprioc atá ag an lámhleabhar seo ná oiliúint a chur ar bhaill de phobal na Gaeilge maidir le cearta teanga agus tuiscint níos leithne a éascú i measc an phobail maidir leis na dualgaí atá ar an stát chun cearta teanga a sholáthar. Déantar scrúdú anseo ar na coimítmintí éagsúla maidir leis an Ghaeilge sna comhaontuithe éagsúla idir áitiúil agus idirnáisiúnta, mar aon leis na coimítmintí is déanaí atá luaite in RNCCN. Is mian linn soiléiriú a dhéanamh ar ról agus chumhachtaí an Choimisinéara Gaeilge a bheas le ceapadh, mar aon leis na caighdeáin teanga agus dea-chleachtais idirnáisiúnta a luaitear go minic leis an reachtaíocht seo.

Tá pobal beo bríomhar Gaeilge againn agus is mian linn go gcuideoidh an lámhleabhar seo le cumhachtú agus le heagrú an phobail, chun go mbeidh na scileanna agus na huirlisí againn ar fad an reachtaíocht teanga a thuiscint, a úsáid agus mhúnlú, agus an am céanna, chun go mbeidh muid ábalta brú a choinneáil ar pholaiteoirí a gcuid coimítmintí a chomhlíonadh trí chearta teanga agus cultúrtha a chur ar fáil go gníomhach do chách.

CAD É ATÁ I GCEIST LE CEARTA TEANGA?

Cuireann Alt 1 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine go dtagann gach duine ar an saol saor agus cothrom i dtaobh dínite agus ceart; glactar leis mar sin go mbíonn cearta áirithe ag achan uile duine. Ar an leibhéal is bunúsaí, is cosaintí iad cearta nár cheart iad a shárú, go háirithe maidir leis na rudaí a cheadaítear do dhaoine a dhéanamh nó a bheith acu. Is amhlaidh an cás le cearta teanga; tá cearta teanga bunaithe ar chaighdeán ghinearálta chearta daonna agus bíonn siad ann le cinntiú go mbíonn an ceart ag úsáideoirí teanga an teanga sin a úsáid agus a fheiceáil sa saol príobháideach agus poiblí, san oideachas, sna meáin agus sa chóras dlí.

Baineann cearta daonna maidir le teangacha le meascán de bhundualgais dhlíthiúla agus príomh-dhlíthe agus conarthaí chearta daonna (féach Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe 1948, An tAcht um Chearta an Duine 1998, An Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Geilleagracha, Comhdhaonnacha agus Cultúir 1966, An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh 1989). Leagann na conarthaí agus na píosaí reachtaíochta seo ar fad amach na bunchearta ar cheart a bheith againn ar fad, gan idirdhealú d'aon chineál, ceisteanna teanga san áireamh; mar sin níor cheart go gcuirtear rogha teanga an duine aon chineál baic nó coisc ar an cheart atá acu bheith saor ó leithcheal, ar an cheart atá acu oideachas a fháil, saol sóisialta bheith acu, nó ar an cheart atá acu tuairimí a nochtadh. Tá cearta teanga ann chun an ceart atá agat do rogha teanga féin a úsáid i gcomhthéacsanna poiblí agus príobháideacha a neartú, agus chun cinntiú nach ndéantar aon idirdhealú ort agus an teanga sin in úsáid agat. Feidhmíonn cearta teanga i gcomhar le ceithre phríomh-fhócas:

1. Dínit;
2. Comhionannas agus neamhleithcheal;
3. Féiniúlacht

Cé nach bhfuil aon mhúnla amháin uilechoiteann ann maidir le cur i bhfeidhm chearta teanga i measc mhórchomhthéacsanna éagsúla an domhain, luíonn na hiarrachtaí a rinneadh chun cearta teanga a bhaint amach anseo ó thuaidh go mór le próiseas na síochána. Le linn an aistir fhada sin, séanadh na cearta sin arís agus arís eile, rud a bhí ag teacht salach ar oibleagáidí idirnáisiúnta. D'fhorbair sraith Chomhaontuithe agus Dearbhuithe de chuid na Náisiún Aontaithe (An Creat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint, An Dearbhú um Chearta an Duine ar le ball de Mhionlach Náisiúnta é nó í faoin Chreat-Choinbhinsiún, Moltaí Osló ESCE maidir le Cearta Teanga na Mionlach Náisiúnta) na bunchéimeanna ar cheart d'údaráis stáit a chur i gcrích, agus mar aon leis sin, soláthar breise ar féidir leo a dhéanamh, chun cearta teanga a aithint, a chomhlíonadh agus a chur i bhfeidhm mar is ceart.



1. Cearta teanga a aithint mar chearta daonna

I bhfolús dlíthe soiléire, ní féidir le daoine anseo bheith ag súil leis go ndéanfar an rud ceart maidir le bunluachanna chearta teanga. Chun é sin a rá ar bhealach simplí, baineann cearta teanga leis an deis atá ag daoine áitiúla a saol a chaitheamh, le meas, trína rogha teanga féin. I bhfolús reachtaíochta, níl aon chreatlach nó mór-pholasaí dlíthiúil ag lucht déanta polasaithe sa rialtas nó acu siúd a dhéanann na cinní móra ar féidir leo tarraingt air agus soláthar seirbhísí don phobal teanga á shocrú acu. Go bunúsach, gan dlíthe a thugann treoir iontach soiléir agus cruinn do na húdaráis chun seirbhísí teanga a chur ar fáil (agus gnáth-sheirbhísí eile a chur ar fáil trí Ghaeilge), ní dhéanfaidh siad é. Is é an toradh a bhíonn ar an easpa reachtaíocht sin, agus ar an easpa treorach, ná go mbíonn deacrachtaí leanúnacha ag an duine a roghnaíonn a saol a chaitheamh trí Ghaeilge mar go mbíonn siad go síoraí ag dul sa tóir ar nó ag éileamh seirbhísí trí Ghaeilge. Ar fud an domhain, aithnítear cearta teanga mar chearta daonna. Ba cheart an rud céanna a dhéanamh anseo.



2. An chaoinflulaingt, an éagsúlacht chultúrtha agus teanga, an cóimheas, an chomhthuisctint agus an comhoibriú uilig a aithint agus a chur chun cinn i measc gach gné den tsochaí

Ba chóir cearta teanga a chur san áireamh in aon ghníomh a bhaineann le húdaráis an stáit agus roghanna teanga. Mar gheall ar fhíor-easpa treoracha maidir le polasaithe agus dlíthe teanga, braitheann an dóigh a dhéanann an pobal plé leis an stát trí Ghaeilge ar léamh polaitiúil in áit sainmhíniú dlíthiúil. Is cinnte go bhfuil muid anois beo i sochaí ilchultúrtha agus éagsúil atá ag dul i méid i gcónaí. Is gné eile í an Ghaeilge d'fhás na héagsúlachta anseo. Níl aon amhras ach go gcuireann breis teagmhála le domhan ilchultúrtha agus éagsúil le hardú normalaithe i dtaobh teangacha agus cultúr de, rud a chuireann, mar sin, le tuiscintí níos fearr ar an tsochaí chomhroinnte agus le deiseanna caoinflulaingt agus meas a fheabhsú. Tosaíonn an próiseas foghlama faoin a chéile, faoin ár dteangacha agus ár gcultúir éagsúla, le pobail a chéile a aithint agus meas a léiriú orthu, bíodh siad ina bpobail theanga, chultúrtha, reiligiúnacha nó pholaitiúla. Réitíonn cúrsaí teanga leis na nithe seo ar fad agus sáraíonn iad ar fad.



3. Cumhacht reachtúil agus creatlach polasaí a shocrú chun cur i bhfeidhm éifeachtach a éascú

Ní mór a lua go mbíonn cearta teanga ann beag beann ar ghníomhartha an stáit. Ba cheart go gcuirfí i bhfeidhm polasaithe agus reachtaíocht le meas, chun cearta a chosaint agus a chomhlíonadh – m.sh. trí chosaintí dlíthiúla agus modhanna forfheidhmithe a chruthú. Go minic ní bhíonn an gaol sin soiléir agus bíonn míthuisctint ann maidir le cearta agus na cosaintí dlíthiúla atá ann do na cearta sin. Mar sin, cé go mbíonn sé tábhachtach go ndéanann an stát cearta teanga a chosaint agus a chomhlíonadh, tá sé iontach tábhachtach fosta go n-aithníonn siad na cearta seo sa dlí chun go mbíonn an chosaint cheart dlíthiúil ag baint leo fosta. Mar thoradh air sin, bheadh modhanna oifigiúla ann dúshlán a thabhairt d'aon sárú ar na cearta sin. Mura mbíonn a leithéid de mhodhanna forfheidhmithe an, fágann sin gur féidir caitheamh leis na cearta sin go leatromach gan iarmhairt.




4. Tacú le saoirse teanga i gcomhthéacsanna príobháideacha agus le húsáid chomhréireach mionteanga ag húdaráis stáit

Tagann fadhbanna chun cinn go minic nuair a chuirtear dualgas ar an stát ag leibhéal áitiúil nó ag leibhéal stáit chun mionteanga a úsáid. Níl amhras ar bith ann ach nach féidir úsáid teanga a shrianadh go suíomhanna príobháideacha amháin, ní bheadh sin praiticiúil, nó eiticiúil, ach maidir le cás na Gaeilge, de bhrí nach bhfuil aon dlí ann chun an teanga a aithint go hoifigiúil, ní raibh aon bhunús le leatrom a aithint ar bhonn teanga. De thairbhe seo, cuireadh srian ar idirghníomhú leis an stát agus le húdaráis áitiúla ach amháin i gcásanna a roghnaíonn na húdaráis féin go mbeadh an t-idirghníomhú sin 'oiriúnach' nó 'riachtanach.' Is deacair sainmhíniú soiléir a dhéanamh ar na téarmaí seo; cad é mar a mhínítear an rud atá 'oiriúnach' agus an rud nach bhfuil? An féidir a rá in am ar bith 'nach mbíonn gá' le mionteanga a úsáid? Chruthaigh seo idirdhealú soiléir idir cearta teanga phobal na mionteanga (an Ghaeilge) agus cearta teanga phobal na mórtheanga (an Béarla).



5. An tairiscint ghníomhach a dhéanamh lárnach i soláthar sheirbhísí poiblí

Ní leor é ar bhealach ar bith píosa reachtaíochta a thabhairt isteach agus imeacht ar nós go socróidh an reachtaíocht féin gach ceist. Is mionteanga í an Ghaeilge anseo mar thoradh ar bhlianta fada, na céadta fiú, d'imeallú agus de scrios. Chun go n-éireoidh leis an Ghaeilge anois mar theanga bheo, caithfidh go mbeidh daoine ar an eolas gurb ann di agus caithfidh fios a bheith ag lucht úsáide na Gaeilge cá háit agus cad é an dóigh ar féidir leo plé leis an stát trína rogha teanga. Níor cheart d'údarais an stáit glacadh leis go mbíonn gach úsáideoir seirbhísí ar an eolas maidir le gach seirbhís atá nó nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge roimh ré. Ba cheart, áfach, go ndéanadh údarais an stáit na seirbhísí Gaeilge atá acu a thairiscint go gníomhach ag tús aon phlé nó ag tús idirghnímh leis an duine féin. Fágтар an rogha, mar sin, leis an duine. Ar a laghad tuigeann siad go bhfuil rogha le déanamh acu, agus go bhfuil deis acu an Ghaeilge a úsáid, más mian leo. Luíonn an fhreagracht ar an soláthróir seirbhíse an rogha sin a chur ar fáil agus a fhógairt ón tús.



CÉ A BHFUIL CEARTA TEANGA ACU?

Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir iad siúd a bhfuil cearta teanga acu (sealbhóirí na gceart) agus iad siúd a chuireann cearta teanga i bhfeidhm (iompróirí dualgas). Is sealbhóirí na gceart iad lucht phobal na Gaeilge; caithfidh go mbeidh siad ábalta a gcuid cearta a éileamh agus comhlíonadh chearta teanga a chinntiú le hiompróirí dualgas. I measc phobal na Gaeilge tá daoine aonair d'achan sórt agus cumas. Ina measc, tá:

- na daoine a úsáideann Gaeilge gach lá, bíodh sé sin san áit oibre, ag an láthair oideachais, ina saol sóisialta nó sa teach;
- na daoine sin nach bhfuil líofacht iomlán bainte amach acu ach atá ag foghlaim leo;
- na daoine nach bhfuil Gaeilge acu nó nach n-úsáideann í, ach atá báúil don teanga. Sa ghrúpa seo tá na daoine sin a bhfuil rogha déanta acu a gcuid páistí a chur fríd an Ghaelscolaíocht, mar shampla.

CÉ A CHUIREANN CEARTA TEANGA I BHFEIDHM?

De ghnáth is oibrithe stáit agus ionadaithe rialtais iad na hiompróirí dualgas. Tá dualgas agus freagracht orthu cearta shealbhóirí na gceart a chosaint agus a chomhlíonadh, agus meas a léiriú orthu; maidir le cainteoirí mionteanga, is iad na cearta teanga is bunúsaí ná cearta a ligeann dóibh oideachas a fháil nó seirbhísí poiblí a fháil ina rogha teanga féin. Ní mór d'iompróirí dualgas na cearta seo a éascú trí dhlíthe nó polasaithe a chur i bhfeidhm a ligeann do phobal na Gaeilge a gcuid cearta a bhaint amach, nó trína chinntiú nach gcuirtear aon bhac ar chearta teanga ar an chéad dul síos.

Nuair a cuireadh tús le socruithe úra rialtais anseo de bharr chineachadh na cumhachta (dílárú nó déabhlóid), aistríodh roinnt cumhachtaí ó Rialtas na Breataine go Tionól Chnoc an Anfa; go bunúsach, aistríodh freagrachtaí áirithe go dtí an Tionól mar phríomh-iompróirí dualgas. Sin ráite, nuair a bunaíodh an Feidhmeannas, bhí oibleagáidí fós ar Rialtas na Breataine maidir le comhlíonadh gach coimhlint a bhí orthu roimhe sin, coimhlintí maidir leis Ghaeilge san áireamh. Sa bhreis ar an mhéid sin, agus idir an dá linn, tá coimhlintí ar leith tugtha ag Rialtas na Breataine maidir leis an Ghaeilge, agus is comhshínitheoirí iad ar chonarthaí idirnáisiúnta éagsúla, atá daingnithe anois go hoifigiúil i ndlí na Breataine, atá dírithe go hiomlán ar mhionteangacha anseo a chosaint agus a chur chun cinn. Luaitear an Ghaeilge i measc na mionteangacha siúd. In ainneoin na nithe seo ar fad thuasluaite, theip ar Rialtas na Breataine cosaintí nó aitheantas sásúil a shocrú don Ghaeilge. Is iad Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann a chomh-shínigh na mór-chomhaontuithe síochána anseo le breis agus 20 bliain anuas. Ní réiteoirí neodracha iad. Is rannpháirtithe gníomhacha iad sna comhaontuithe sin agus tá dualgaí orthu comhlíonadh gach ceart agus cosaint a luaitear sna comhaontuithe sin a chinntiú. Sin ar fad ráite, ó bhí 1998 ann, níor cuireadh i bhfeidhm an méid a bhí geallta don Ghaeilge, ach cuireadh bac roimh na cosaintí uilig a gealladh. Leanann an pobal ar aghaidh ag éileamh comhionannais agus aitheantais don Ghaeilge, mar atá ag cainteoirí mionteangacha eile ar fud na n-oileán seo.

COMHAONTÚ AOINE AN CHÉASTA (1998)

Nuair a síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta gealladh ré úr comhionannais do phobal na Gaeilge ó thuaidh. Bhí go leor coimítmintí luaite sa Chomhaontú seo maidir leis an Ghaeilge, agus bhí siad ceangailte le dualgas reachtúil a bhí dírithe ar chúrsaí cothromas deiseanna a fheabhsú. Bhí coimítmint sa Chomhaontú fosta maidir le héagsúlacht theangeolaíoch. Bhí ocht gcoimítmint ar leith don Ghaeilge san áireamh fosta ó Rialtas na Breataine, a bhí le cur i bhfeidhm de réir mar a cinneadh iad a bheith “oiriúnach agus ag teacht le héileamh”. Le breis agus 20 bliain anuas tá taifead Rialtas na Breataine go hainnis maidir le cur i bhfeidhm na gcoimítmintí seo agus tá ag teip orthu go leanúnach an Ghaeilge ‘a thabhairt isteach ón imeall’. Thíos anseo tá dornán samplaí a léiríonn roinnt áiteanna a mbíonn ag teip ar an stát a gcuid dualgas don Ghaeilge a chomhlíonadh de réir Chomhaontú Aoine an Chéasta.

AN CHOIMÍTMINT A LUAITEAR I GCOMHAONTÚ AOINE AN CHÉASTA

GNÍOMH DIONGBHÁILTE A DHÉANAMH CHUN AN GHAEILGE A CHUR CHUN CINN

AR CUIREADH AN CHOIMÍTMINT SIN I BHFEIDHM GO SÁSÚIL?



De réir Choiste na Saineolaithe de chuid Chomhairle na hEorpa (COMEX), ceanglaítear ‘gníomh diongbháilte’ le;

1. Creatlach dlíthiúil a cheapadh chun mionteangacha a chur chun cinn
2. Forais a bhunú a bhfuil freagracht orthu na teangacha seo a chur chun cinn; agus
3. Acmhainní airgeadais a chur ar fáil.

Ní hamháin nach bhfuil creatlach dlíthiúil nó aitheantas oifigiúil ann don Ghaeilge faoi láthair, ach anuas ar na heasnamh sin, déanann mór-pháirtithe polaitiúla ionsaithe leanúnacha ar an Ghaeilge. De bhrí nach bhfuil aon chosaint oifigiúil ag

an Ghaeilge, níl na cearta teanga céanna ag lucht labhartha na Gaeilge agus atá ag cainteoirí Breatnaise, cainteoirí Ghaeilge na hAlban agus cainteoirí Gaeilge eile ar fud na n-oileán seo.

Nuair a bunaíodh eagrais reachtúil (Foras na Gaeilge) in 1999 bhí dóchas ann go dtiocfadh méadú agus fás ar mhéid an mhaoinithe agus na tacaíochta don Ghaeilge agus do phobal na Gaeilge. Bunaíodh Foras na Gaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na hÉireann. Maireann buairimh mhóra fós i measc an phobail maidir leis an chur chuige maoinithe thuaidh theas d’Fhoras na Gaeilge, mar aon leis an dí-infheistiú leanúnach ó na Ranna Rialtais thuaidh theas le blianta anuas a raibh tionchar mór aige ar ghrúpaí sa phobal.

SAMPLAÍ DEN TEIP NÓ DEN NEAMHAIRD MAR A BHAINNEANN LEIS AN CHOIMÍTMINT SEO

2008: Rinneadh ciorrú ar chroí-mhaoiniú d’Fhoras na Gaeilge go leanúnach ó bhí 2008 ann (nuair a bhí an ghéarchéim eacnamaíochta ann) agus cé gur cuireadh maoiniú d’eagrais eile chomhchosúla ar ais chuig an leibhéal sin (mar aon le hardú) sa tréimhse deich mbliana a lean 2008, tá Foras na Gaeilge fós ag dul i ngleic le pota maoinithe nár réitigh na ciorruithe sin riamh.

2014: Gregory Campbell, MP “On behalf of our party, let me say clearly, we will never agree to an Irish Language Act at Stormont and we will treat their entire wish list as no more than toilet paper. They better get used to it.”

2017: Jim Allister MLA “Irish language is essentially a hobby language. It is of no practical value to anyone.”

2017: Arlene Foster, An Chéad Aire

“If you feed a crocodile it will keep coming back and looking for more.”

2021: Bunaíodh an feachtas #CothromNaFéinne agus rinne an 22 grúpa ar thit tua na gciorruithe sin go mór orthu stocaireacht mhór ar Fhoras na Gaeilge agus ar na Ranna Rialtais thuaidh theas maidir leis an Scéim Pobal Gaeilge (SPG). Nuair a thit na ciorruithe sin amach chaill na grúpaí maoiniú mór, chaill siad tuarastal lá oibre, maoiniú cláir agus eile.

AN CHOIMITMINT A LUAITEAR I **GCOMHAONTÚ AOINE AN CHÉASTA**

ÚSÁID NA TEANGA A ÉASCÚ AGUS A CHUR CHUN CINN Ó BHÉAL AGUS I SCRÍBHINN SA SAOL POIBLÍ AGUS PRÍOBHÁIDEACH ARAON NUAIR A BHÍONN AN RÁCHAIRT CHUÍ ANN

AR CUIREADH AN CHOIMITMINT SIN I BHFEIDHM GO SÁSÚIL?



Ní próiseas simplí nó soiléir é do phobal na Gaeilge comhfhreagras nó teagmháil a dhéanamh le húdaráis phoiblí trí Ghaeilge. De dheasca nach bhfuil reachtaíocht

oifigiúil ann don Ghaeilge cuirtear bac go minic ar chainteoirí Gaeilge ó thuaidh gnáth-sheirbhísí a fháil ón stát. Fiú le teacht chun cinn Chomhaontú Aoine an Chéasta, tá an chuid is mó de na dúshláin atá ag cur isteach ar aitheantas cothrom do phobal na Gaeilge sa tsochaí seo fós gan réiteach.

SAMPLAÍ DEN TEIP NÓ DEN NEAMHAIRD MAR A BHAINNEANN LEIS AN CHOIMITMINT SEO

1984: Stopadh múinteoir Gaelscoile ag seicphointe de chuid an RUC i mBéal Feirste. Níor labhair an múinteoir ach Gaeilge nuair a ceistíodh é. Glacadh é chun na Cúirte agus gearradh fineáil air.



2007: Gabhadh múinteoir Gaelscoile i mBéal Feirste i ndiaidh di Gaeilge a labhairt nuair a stop oifigeach den PSNI í. Cúisíodh í agus gearradh fineáil uirthi.

AN CHOIMITMINT A LUAITEAR I **GCOMHAONTÚ AOINE AN CHÉASTA**

FÉACHAINT, NUAIR IS FÉIDIR, AR CHONSTAICÍ A CHUIRFEADH BEAGUCHTACH AR NÓ A CHUIRFEADH IN ÉADAN CHOOTHABHÁIL NÓ FORBAIRT NA TEANGA A SHÁRÚ

AR CUIREADH AN CHOIMITMINT SIN I BHFEIDHM GO SÁSÚIL?



In áit constaicí a shárú, tá constaicí breise as an nua curtha i bhfeidhm chun forbairt na teanga a scrios agus chun scéimeanna a chealú a bhfuil sé de sprioc acu an Ghaeilge a chur chun cinn.



SAMPLAÍ DEN TEIP NÓ DEN NEAMHAIRD MAR A BHAINNEANN LEIS AN CHOIMITMINT SEO

2016: Chinn an tAire Pobal ag an am, Paul Givan, deireadh a chur leis an scéim sparánachta #Líofa. Bhí £50,000 curtha ar fáil don scéim seo a bhí dírithe ar dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste airgeadais ó achan chúlra a chur chun na Gaeltachta sa samhradh.

AN CHOIMITMINT A LUAITEAR I **GCOMHAONTÚ**
AOINE AN CHÉASTA

RIAR AR IDIRCHADREAMH LE POBAL NA GAELIGE

**AR CUIREADH
AN CHOIMITMINT
SIN I BHFEIDHM
GO SÁSÚIL?**



Rinneadh neamhaird arís agus arís eile ar thorthaí comhairliúcháin a bhí dírithe ar dhréacht-bhillí maidir leis an Ghaeilge. Ghlac an pobal páirt sna comhairliúcháin seo i gcónaí; gach uair léirigh na comhairliúcháin seo go raibh tromlach na bhfreagróirí ag tacú le cosaintí reachtúla don teanga.

**SAMPLAÍ DEN TEIP NÓ
DEN NEAMHAIRD MAR
A BHAINNEANN LEIS AN
CHOIMITMINT SEO**

2006: Bhí 93% de 668 freagra ar son Achta don Ghaeilge. Níor cuireadh Acht i bhfeidhm riamh.

2007: Bhí 65% de 11,000 freagra ar son reachtaíochta don Ghaeilge. Níor cuireadh reachtaíocht i bhfeidhm riamh.

2015: Bhí 94.7% de 13,000 freagra ar aon chosaintí reachtúla don Ghaeilge. Níor cuireadh son reachtaíocht i bhfeidhm riamh.

AN CHOIMITMINT A LUAITEAR I **GCOMHAONTÚ**
AOINE AN CHÉASTA

DUALGAS REACHTÚIL A CHUR AR AN ROINN OIDEACHAIS LEIS AN GHAELSCOLAÍOCHT A CHUR CHUN CINN AGUS A ÉASCÚ AR AN DÓIGH CHÉANNA A NDÉANTAR I GCÁS AN OIDEACHAIS IMEASCTHA



**AR CUIREADH
AN CHOIMITMINT
SIN I BHFEIDHM
GO SÁSÚIL?**



TÁ ag teip go leanúnach ar an Roinn Oideachais an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn agus a éascú ó tháinig an dualgas reachtúil i bhfeidhm mar chuid de Chomhaontú

Aoine an Chéasta. Tá samplaí den teip sin le sonraí thíos anseo;

DIÚLTAÍODH do mholtaí forbartha; in 2016, le linn a chéad bhliana mar Aire Oideachais, dhiúltaigh an tAire Peter Weir do 8 as 25 moladh forbartha a tháinig isteach ó gach earnáil oideachais. As an 8 moladh nár ceadaíodh,

tháinig ó ó earnáil na Gaelscolaíochta. Tháinig cinneadh an Aire go gairid i ndiaidh don DUP ráiteas toghchánaíochta a dhéanamh go raibh sé i gceist acu “deireadh a chur le córa fabhracha” ar son na Gaelscolaíochta.

TEIP LEANÚNACH soláthar Gaeloideachais a chur ar fáil do pháistí; in 2011, rialaigh Breitheamh Ard-Chúirte gur theip ar an Roinn Oideachais an dualgas reachtúil a chur san áireamh nuair a chinn siad éileamh ar chóras taistil do 11 dalta Gaelscoile a dhiúltú. Bhí na daltaí sin ag taisteal ó Dhún Phádraig go Coláiste Feirste, an t-aon rogha meánscoile Gaeilge ó thuaidh ag an am. Is í an argóint a chuir an Roinn Oideachais chun tosaigh an am nach raibh sa dualgas reachtúil ach dualgas ‘aislingeach’.

CIORRUITHE maoinithe in 2020, chuir trí ghrúpa súgartha do pháistí atá lonnaithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste sóisialta iarratas ar chlár Pathways de chuid na Roinne Oideachais. Níor éirigh leis na hiarratais sin, cé gur sháraigh sin critéir an mhaoinithe.

TEIP LEANÚNACH áiseanna agus acmhainní sásúla a chur ar fáil do Ghaelscoileanna; in 2021 tá breis agus 7,000 dalta ag freastal ar Ghaelscoileanna. Níl ach aonad shainriachtanais oideachais amháin san earnáil chun sainchúram a chur ar fáil do dhaltáí le riachtanais speisialta oideachais (tá an t-aonad sin lonnaithe i gColáiste Feirste).

TEIP LEANÚNACH tacaíocht bhunúsach a chur ar fáil do dhaltáí agus do theaghlaigh in earnáil na Gaelscolaíochta; mar shampla, bíonn deacrachtaí breise ag tuismitheoirí a bhfuil sainriachtanais oideachais ag a gcuid páistí diagnóis a chinntiú de bhrí go mbíonn na huirlisí measúnaithe dírithe ar dhaltáí aon-teangacha amháin (daltáí Béarla amháin).



SAMPLAÍ DEN TEIP NÓ DEN NEAMHAIRD MAR A BHAINNEAN LEIS AN CHOIMITMINT SEO

2014: Seoladh an feachtas #BusAnois. Dhiúltaigh an Roinn Oideachais seirbhís ar leith bus a chur ar fáil do dhaltáí Choláiste Feirste a bhí ag teacht ó Thuaisceart Bhéal Feirste. Thit an costas taistil chun na scoile ar na teaghlaigh féin.

2014: Bhí feachtas fad-bhunaithe ann chun meánscoil Ghaeilge a bhunú i nDeisceart Dhoire. Chuir an tAire Oideachais i gcoinne na n-iarrachtaí sin go mór ag an am, rud a chuir moill ar an fhorbairt. Bhí éileamh mór ar an scoil agus bunaíodh Gaelcholáiste Dhoire in 2015.

2016: Bhain an Roinn Oideachas maoiniú de 2 ionad cothaithe Gaeilge (ag Bunscoil Bheann Mhadagáin agus Scoil an Droichid). Ag an am, bronnadh an maoiniú ar 30 scoil. Ní raibh aon soláthar Gaelscoile ina measc.

2021: Chruthaigh an tÚdarás Oideachais acmhainní breise oideachais agus cuireadh iad ar fáil in 11 teanga le linn Covid19 le cuidiú leis an fhoghlaim fad agus a bhí na scoileanna féin druidte. Níor cuireadh an Ghaeilge san áireamh sa réimse teangacha sin.

2021: Tá 60% de Ghaelscoileanna fós lonnaithe i gcóiríocht shealadach nach bhfuil sásúil mar shuíomhanna oideachais nó foghlama.

AN CHAIRT EORPACH UM THEANGACHA RÉIGIÚNACHA NÓ MIONLAIGH (CETRM)

Dhaingnigh Rialtas na Breataine An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh (CETRM) don Ghaeilge in 2001. Is Conradh Eorpach atá sa Chairt seo, faoi choimirce Chomhairle na hEorpa, a glacadh isteach don chéad uair in 1992 chun teangacha mionlaigh, áitiúla, réigiúnacha agus stairiúla a chosaint agus a chur chun cinn. Leagtar amach sa CETRM treoracha agus beartais phraiticiúla maidir le cosaint agus cur chun cinn mhionteangacha. Go bunúsach is uirlis lárnach í an Chairt chun na réimsí seirbhísí a aithint ar cheart do chomhairlí áitiúla agus d'Údaráis stáit a sholáthar. Tá an Ghaeilge aitheanta agus cláraithe ag Rialtas na Breataine suas go Cuid III den CETRM; luaitear i measc na bhforálacha éagsúla i gCuid III coimhlintí ar leith maidir le cúrsaí cultúrtha, eacnamaíochta agus sóisialta, maidir le húdaráis riaracháin, na meáin, oideachas, údaráis phoiblí agus seirbhísí trasteorann. Ar an drochuair, áfach, de bhrí nach bhfuil aon reachtaíocht áitiúil anseo chun an Ghaeilge a chosaint go dlíthiúil anseo, ní féidir uirlisí idirnáisiúnta ar nós na Cairte Eorpaí a chur i bhfeidhm sa dlí. Mar gheall air seo ní cheanglaítear ach luach léirmhínitheach le moltaí agus forálacha na Cairte.

AN CHOIMITMINT A LUAITEAR SA CETRM

AN DEIS A CHUR AR FÁIL DO CHAINTEOIRÍ CEISTEANNA Ó BHÉAL NÓ CEISTEANNA SCRÍOFA A CHUR ISTEACH TRÍ GHAEILGE;

SOLÁTHAR DRÉACHTAITHE CÁIPÉISÍ A ÉASCÚ D'ÚDARÁIS PHOIBLÍ;

TACÚ LE BEARTA A CHINNTIONN GO MBÍONN FOIREANN AG NA HÚDARÁIS CHUÍ A BHFUIL CUMAS CRUINN GAEILGE AGUS BÉARLA ACU;

AR CUIREADH AN CHOIMITMINT SIN I BHFEIDHM GO SÁSÚ

Níl aon pholasaí Gaeilge ag tromlach na n-údarás poiblí ó thuaidh; de dheasca seo, ní chuirtear an Ghaeilge san áireamh i measc a gcaid polasaithe eile agus ní bhíonn soláthar seirbhísí trí Ghaeilge ann. Sular foilsíodh an reachtaíocht teanga de chuid RNCCN, ní raibh aon dualgas breise ar údaráis phoiblí lasmuigh de bhun-choimhlintí na CETRM. Fiú in aon chás nuair a d'éileofaí seirbhís, bheadh an tseirbhís sin go dona, mall nó ní bheadh sé ar fáil.

SAMPLAÍ DEN TEIP NÓ DEN NEAMHAIRD MAR A BHAINNEAN LEIS AN CHOIMITMINT SEO

2009: Rinne ceoltóir Gaeilge iarratas trí mheán na Gaeilge le haghaidh cheadúnas dí agus é ag ullmhú do cheolchoirm ag an Chultúrlann Mac Adam Ó Fiaich in iarthar Bhéal Feirste. Dúradh leis nárbh fhéidir a iarratas a mheas de bhrí go raibh an t-iarratas déanta aige trí mheán na Gaeilge. Bhí an cinneadh sin ag teacht leis an Acht um Riar an Cheartais 1737, acht a rialaíonn nach féidir an Ghaeilge a úsáid i gcáipéisí cúirte.

2019: Léirigh tuairisc a rinne Conradh na Gaeilge, CAJ agus Ollscoil Uladh nach raibh iniúchadh foirne maidir le cumas Gaeilge déanta ag 9 as 11 (81.81%) de na comhairlí áitiúla ó thuaidh ag an am.

2019: D'fhoilsigh Comhairle Lár Uladh leagan Gaeilge den bhileog athchúrsála a bhí acu mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge. D'fhógair Comhairleoir Clement ón DUP gur 'cur amú páipéir' a bhí ann.



AN CHOIMITMINT
A LUAITEAR SA **CETRM**

ÚSÁID NA GAEILGE, MAR AON LEIS AN BHÉARLA, A CHEADÚ AGUS A SPREAGADH IN IMEACHTAÍ AN TIONÓIL AGUS NA GCOMHAIRLÍ;

AR CUIREADH
AN CHOIMITMINT
SIN I BHFEIDHM
GO SÁSÚIL?



Cé go bhfuil cead ag Comhaltaí an Ghaeilge úsáid sa Tionóil / sna Comhairlí, ní éascaítear an rogha sin. Sular aontaíodh coimhitmintí breise in RNCCN, bhí orthu siúd a d'úsáid an Ghaeilge a gcuid ráiteas féin a aistriú iad féin. Rinne polaiteoirí aontachtacha ionsaithe agus magadh orthu go minic gan aon iarmhairt dhlíthiúil.

**SAMPLAÍ DEN TEIP NÓ
DEN NEAMHAIRD MAR
A BHAINNEANN LEIS AN
CHOIMITMI**

2014: Agus é ag labhairt os comhair an Tionóil, d'úsáid Gregory Campbell an ráiteas "Curry my yoghurt can coca-coalyer", mar ionsaí agus mar mhagadh ar an ráiteas Gaeilge "Go raibh maith agat, a Cheann Comhairle."

2021: Tá neamhaird leanúnach déanta ag comhairlí áitiúla ar a gcuid dualgas faoin CETRM. Ní chuireann aon cheann de na comhairlí sin seirbhísí aistriúcháin chomhuainigh nó seirbhísí ateangaireachta ar fáil dóibh siúd ar mhian leo an Ghaeilge a úsáid sa Chomhairle, an lucht tofa nó baill den phobal.

AN CHOIMITMINT
A LUAITEAR SA CETRM

ÚSÁID LEAGANACHA TRAIDISIÚNTA AGUS CRUINNE DE LOGAINMNEACHA A CHEADÚ AGUS A SPREAGADH

(I GCOMHAR LEIS AN BHÉARLA DE RÉIR MAR IS CUÍ)

AR CUIREADH
AN CHOIMITMINT
SIN I BHFEIDHM
GO SÁSÚIL?



Tá bunús Gaeilge ag 95%+ dár gcuid logainmneacha ó thuaidh. Spreagtar daoine bheith ag amharc ar an Ghaeilge ar dhóigh neodrach tríd an Ghaeilge a léiriú sna logainmneacha agus ar chomharthaíocht. Ba cheart go gcuirfí in airde comharthaíocht dhátheangach go háitiúil de réir éilimh. Ar an drochuair, bíonn polasaithe maidir le comharthaíocht dhátheangach bunaithe ar chritéir nach bhfuil réasúnta nó nach féidir a chomhlíonadh go minic.



SAMPLAÍ DEN TEIP NÓ DEN NEAMHAIRD MAR A BHÁINEANN LEIS AN CHOIMITMINT SEO

2014: Tugadh dúshlán do Chomhairle Chathair Bhéal Feirste san Ard-Chúirt maidir leis an pholasaí chomharthaíocht sráide a bhí acu ag an am. Sa chás sin, dhearbhaigh 52/92 (56.5%) de chónaitheoirí Chéide Bhaile Uí Mhurchú a gcuid tacaíochta do chomhartha sráide dátheangach. Níor thug 39 cónaitheoir aon fhreagra ar an tsuirbhé céanna. In ainneoin gur thacaigh an tromlach leis an chomhartha úr, de bhrí gur glacadh leo siúd nár fhreagra ar nós go raibh siad i gcoinne

an chomhartha, cinneadh nár comhlíonadh an tairseach de 2/3 (66%) a bhí de dhíth.

POLASÁI UM SHRÁIDEANNA A AINMNIÚ AGUS A UIMHRIÚ


Comhairle Ceantair Lios na gCearrbhach agus an Chaisleáin Riabhaigh
Mar chuid d'iarratais ar son chomharthaí sráide dátheangacha, is gá gur aistriúchán díreach í an Ghaeilge den leagan Béarla. Cinnteofar an t-aistriúchán díreach sin leis an tseirbhís teanga ollscoile agus titfidh an costas ar an iarratasóir.

2018: Rinne Comhairle Ceantair Aontroma agus Bhaile Nua na

Mainistreach iarracht polasaí sráidainmneacha 'Béarla amháin' a thabhairt isteach. Cuireadh an cinneadh sin ar athló nuair a thosaigh cónaitheoir cás cúirte i gcoinne na Comhairle ar bhonn idirdhealaithe.

2019: Rinne Comhairle Ceantair Aontroma agus Bhaile Nua na Mainistreach iarracht an dlí a chur ar chónaitheoir 85 bliain d'aois de bhrí go raibh comhartha sráide Gaeilge féinchruthaithe in airde aici ar a cuid maoine féin.

2015-2021- Ionsaithe leanúnacha agus coireanna fuatha ar chomharthaí dátheangacha ar fud na háite ó thuaidh.



AN CHOIMITMINT
A LUAITEAR SA CETRM

TIONSCNAIMH GHAEILGE AR LEITH A SPREAGADH, AGUS ROCHTAIN AR SHAOTHAIR A DHÉANTAR TRÍ GHAEILGE A CHOTHÚ;

AR CUIREADH
AN CHOIMITMINT
SIN I BHFEIDHM
GO SÁSÚIL?



Go réigiúnach, ní bhíonn tionscnaimh Ghaeilge ar leith ach amháin sna comhairlí siúd a mbíonn polasaí Gaeilge acu. Bíonn fíor-easpa oibre sna comhairlí agus sna húdaráis ar fad eile maidir leis an Ghaeilge a chur chun cinn, agus ní bhíonn mórán eisceachtaí ann.

**SAMPLAÍ DEN TEIP NÓ
DEN NEAMHAIRD MAR
A BHAINNEAN LEIS AN
CHOIMITMINT SEO**

2018: Níor chaith Comhairle Ceantair Lár agus Oirthear Aontroma ach £335 ar imeachtaí Gaeilge le himeacht cheithre bliana. D'iarr Conradh na Gaeilge orthu maoiniú a chur ar fáil le cuidiú le grúpaí áitiúla imeachtaí a reachtáil do Sheachtain na Gaeilge. Diúltaíodh don iarratas sin agus d'iarr an Chomhairle ar na grúpaí maoiniú a lorg trí scéimeanna deontais na Comhairle.

AN CHOIMITMINT
A LUAITEAR SA CETRM

A CHINNTIÚ GO nDÉANANN COMHLACHTAÍ A BHFUIL SÉ DE DHUALGAS ORTHU GNÍOMHAÍOCHTAÍ CULTÚRTHA A EAGRÚ NÓ A CHOTHÚ NA SOCRUITHE CUÍ CHUN EOLAS AR AN GHAEILGE AGUS ÚSÁID NA GAELIGE A CHEANGAL LENA GCUID GNÍOMHAÍOCHTAÍ;

AR CUIREADH
AN CHOIMITMINT
SIN I BHFEIDHM
GO SÁSÚIL?



Luann comhlachtaí poiblí go minic an easpa reachtaíochta mar leithscéal chun neamhaird a dhéanamh ar aon soláthar Gaeilge a cheangal lena gcuid seirbhísí. Fiú in áiteanna a mbíonn éileamh iontu do sheirbhísí Gaeilge, go minic ní chuirtear

**SAMPLAÍ DEN TEIP NÓ
DEN NEAMHAIRD MAR
A BHAINNEAN LEIS AN
CHOIMITMINT SEO**

2018: Dhiúltaigh an National Trust (An Taisce ó thuaidh) seirbhísí fuaimne trí Ghaeilge a chur ar fáil ag ionad turasóireachta Chlochán an Aifir. Cuireadh an turas fuaimne ar fáil in 11 teanga. Ní raibh an Ghaeilge ina measc. Dúirt siad go ndéanfadh siad athmhachnamh ar an pholasaí sin "dá gcuirfí i bhfeidhm athruithe reachtaíochta ar an ábhar sin."

2019: Mar chuid den fheachtas chun comharthaíocht dháttheangach a bhaint amach ar an champas ag Ollscoil na Banríona, fuair an Cumann Gaelach litir ó Leas-Seansailéir James McElroy a luaigh polasaí comhionannais agus éagsúlachta de chuid na hOllscoile, agus chuir sé in iúl nach gcuirfí in airde "teanga a d'fheadfadh a bheith corraitheach, ionsaitheach nó imeaglach".



COMHAONTÚ CHILL RÌMHINN (2006)

Tháinig Comhaontú Chill Rìmhinn chun cinn in 2006 i ndiaidh moille agus easpa dul chun cinn a mhair 8 mbliana ó socraíodh oibleagáidí éagsúla i gComhaontú Aoine an Chéasta. Chuir Comhaontú Chill Rìmhinn leis na coimhitintí a tugadh in 1998 agus rinneadh coimhitint maidir le reachtaíocht nua don Ghaeilge. Luadh go sonrach maidir le Rialtas na Breataine,

“...[go] dtabharfaidh Rialtas [na Breataine] isteach Acht Gaeilge ina léireofar taithí na Breataine Bige agus na hÉireann agus oibreoidh sé i gcomhpháirt leis an Fheidhmeannas atá le toghadh le forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint.”

Bhí comharthaí rabhaidh ann go luath go mbeadh deacrachtaí agus moill le ceist na reachtaíocht agus nuair a tháinig Acht Chomhaontú Chill Rìmhinn isteach (2007) ní raibh an choimhitint a rinneadh sa chomhaontú pholaitiúil maidir le hAcht don Ghaeilge luaite. In áit sin, chruthaigh Acht Chomhaontú Chill Rìmhinn alt nua, Alt 28(d), in Acht Thuaisceart Éireann 1998, mar atá leagtha amach sa leasú seo a leanas:


“...(1) Glacfaidh an Coiste Feidhmeannais Straitéis chuige féin a leagfaidh amach an dóigh a bheartaíonn sé forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint.”

Ba é athbhunú an Tionóil ó thuaidh an toradh is mó a bhain le Comhaontú Chill Rìmhinn ag an am. In ainneoin go raibh an t-athbhunú sin bunaithe ar chur i bhfeidhm iomlán na gcoimhitintí a bhí luaite sa chomhaontú féin, níor cuireadh Acht Gaeilge i bhfeidhm ó shin sa 16 bliain a lean an comhaontú sin. Ní hamháin seo, ach cuireadh moill leanúnach ar an rud a gealladh sa reachtaíocht an t-am sin, is é sin an straitéis don Ghaeilge, rud nár críochnaíodh nó nár cuireadh i bhfeidhm riamh. Tá moill fós ar an cheist seo inniu. De dheasca na moille sin thóg Conradh na Gaeilge cás cúirte i gcoinne an Fheidhmeannais in 2017.

STRAITÉIS LE FORBAIRT NA GAELGE A FHEABHSU AGUS A CHOŚAINT AMLINE (2006-2017)

2011:

Tugadh coimhimeint don Straitéis i gClár Rialtais an Fheidhmeannais don tréimhe idir 2011-2015.



2006/7:

Tugadh coimhimeint mar chuid de Chomhaontú Chill Rímhinn go dtabharfaí isteach Straitéis don Ghaeilge. Mar thoradh ar an choimhimeint sin rinneadh leasú ar Acht TÉ 1998 agus cuireadh Alt 28(d) leis mar a bhain leis an straitéis.

2007:

Rinne An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (RCEF) comhairliúchán poiblí ar reachtaíocht don Ghaeilge. Fuarthas 11,000 freagra agus bhí 7,500 de na freagraí sin (65%) ar son reachtaíochta don Ghaeilge. In ainneoin seo, níor aontaigh an tAire CEF go raibh gá le reachtaíocht don Ghaeilge agus níor cuireadh an reachtaíocht ar aghaidh chuig an chéad chéim eile.

2015:

Rinne An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (RCEF) comhairliúchán poiblí eile ar reachtaíocht don Ghaeilge. Fuarthas 12,911 freagra agus bhí 12,233 de na freagraí sin (94.7%) ag tacú le reachtaíocht agus le stádas oifigiúil don Ghaeilge.

2015:

D'fhoilsigh an t-iar Aire CEF Carál Ní Chuilín dréacht-Straitéis don Ghaeilge in Eanáir 2015 faoin teideal 'Straitéis le Forbairt na Gaeilge a Fheabhsú agus a Chosaint 2015-2035'. Tháinig an Straitéis chomh fada le bord an Fheidhmeannais, áit a raibh vóta ar an cheist. Chuir an DUP i gcoinne na Straitéise agus chuir siad bac roimpi.

2017:

Chuir Conradh na Gaeilge tús le cás cúirte i gcoinne an Fheidhmeannais de bhí gur theip orthu straitéis don Ghaeilge a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm. Dhearbaigh an Breitheamh gur sháraigh an Feidhmeannas Alt 28(d) d'Acht Thuaisceart Éireann (1998) agus ar an ábhar sin gur theip orthu an dualgas reachtúil a bhí orthu a chur i gcrích maidir le Straitéis don Ghaeilge a thabhairt isteach.



EANÁIR 2020

Leagadh amach amhlár soiléir de 3 mhí chun go bhfoileofaí amhlár cuimsitheach maidir le forbairt agus cur i gcrích na straitéise, agus leagadh amach amhlár 6 mhí chun go gcuirfí an dréacht-straitéis amach le haghaidh comhairliúcháin. Mar aon leis seo, bhí sé luaite go sonrach go raibh amhlár maidir le próiseas iomlán na straitéise le bheith déanta faoi cheann 100 lá ó dháta an chomhaontaithe, agus faoin am céanna, go raibh tús le bheith curtha le próiseas comhdheartha. Breis agus 500 lá ar aghaidh, nil ceachtar acu, amhlár nó an straitéis féin, aontaithe nó curtha chun tosaigh ag an Fheidhmeannas.

IÚIL 2020

D'fhoilsigh Coiste na Saineolaithe a gCúigiú tuarascáil maidir leis an dóigh a bhfuil an Ríocht Aontaithe ag cloí lena gcuid dualgas faoin Chairt Eorpach do

Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh. I measc na moltaí a rinneadh, d'éiligh an Coiste go dtabharfaí isteach

"....dlí cuimsitheach agus straitéis ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge i dTuaisceart Éireann."

DEIREADH FÓMHAIR-SAMHAIN 2020

D'fhoilsigh an tAire Pobal amhlár maidir le forbairt agus cur i gcrích cheithre straitéis um ionchuimsiú sóisialta. Ceapadh painéal saineolaithe d'achan straitéis agus cuireadh tús leis na straitéisí sin a fhorbairt.



AIBREÁN 2021

Cheadaigh an Ard-Chúirt iarratas ó Chonradh na Gaeilge chun athbhreithniú breithiúnach a thabhairt os comhair na Cúirte maidir le teip leanúnach an Fheidhmeannais straitéis don Ghaeilge a chur i bhfeidhm. Cuireadh ina leith gur sháraigh an Feidhmeannas Alt 28(d) d'Acht TÉ 1998.

LÚNASA 2021

D'fhógair an tAire Pobal gur ceapadh Painéal Saineolaithe chun moltaí a dhéanamh maidir le straitéis don Ghaeilge.



IN AINNEOIN go raibh coimítmintí aislingeacha don Ghaeilge i measc na gcomhaontuithe seo ar fad, theip orthu riamh anall plé ar bhealach ar bith cothrom le hionchais dhlísteanacha an phobail, agus nuair a thugtar dúshláin na teipe seo, déantar cur síos ar ár gcuid éileamh ar chomhionannas mar éileamh atá ‘‘iomarcach’’. Mar gheall nach bhfuil reachtaíocht ar leith againn leis an Ghaeilge a chosaint, déantar cinntí de réir mhianta Airí, in áit cinntí a dhéanamh bunaithe ar chreatlach dlíthiúil soiléir. Mar thoradh air seo, fághtar cumhacht chrosta ag na hAirí siúd san Fheidhmeannas a chuireann i gcoinne chearta teanga don Ghaeilge, agus úsáideann na hAirí an chros sin chun bac a chur roimh aon deis fhorbartha a thagann chun cinn maidir leis an teanga. Rinneadh neamhaird ar thorthaí na gcomhairliúchán poiblí, in ainneoin gur thacaigh tromlach na bhfreagróirí i gcónaí le reachtaíocht don Ghaeilge. In ainneoin éilimh, dhiúltaigh údaráis phoiblí bunseirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar don phobal de bhrí nach bhfuil aon dualgas dlíthiúil orthu an soláthar sin a chur ar fáil ar an chéad dul síos. I bhfolús reachtaíocht a chuireann cosaint dhlíthiúil ar fáil, níl aon bhunús le cás cúirte nó dúshlán cúirte a thabhairt i gcoinne ionsaithe nó droch-chinntí i gcoinne na teanga, nó nuair a dhéantar neamhaird ar choimítmintí maidir leis an teanga. Seo an fáth a bhfuil #AchtAnois de dhíth orainn.

Cé nach réiteoidh Acht Gaeilge gach fadhb agus nach socróidh sé gach bac maidir leis an Ghaeilge agus le pobal na Gaeilge, leagfadh sé amach creatlach dlíthiúil soiléir ar a mbeadh cosaint agus cur chun cinn na teanga bunaithe. Ba cheart go mbeadh an creatlach seo bunaithe ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr, agus bheadh sé ábalta tarraingt ar na cleachtais mhaithe agus ar na meancóga a rinneadh in áiteanna eile atá ar an aistear céanna maidir le cearta teanga. Bhainfeadh Acht Gaeilge an teanga amach as an timpeallacht idir-pháirtí agus ó lámha aon Aire nó aon pháirtí ar leith. Ba cheart, mar thoradh air sin, go gcuirfeadh sin deireadh le hionsaithe polaitiúla ar an Ghaeilge. Chruthódh sé treo shoiléir don phobal agus do na húdaráis phoiblí. Leagfadh sé amach na bealaí trínar féidir leis an phobal plé leis an stát, agus chuideodh sé leis an stát a gcuid oibleagáidí a thuiscint maidir le ról gníomhach a éascú mar a bhaineann le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge, in áit constaicí a chur sa bhealach.

Níl Acht Gaeilge á lorg, mar atá curtha in iúl go mícheart ag daoine áirithe, chun clár áirithe polaitiúil a chur cun cinn. Ní bealach é chun féiniúlacht dhaoine eile a chreimeadh nó a scrios. Tá an t-éileamh ar Acht Gaeilge bunaithe ar an tuiscint, ag amharc ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta, gur féidir le reachtaíocht tacú le hathbheochan teanga agus gur féidir leis tuairimí i leith na teanga a normálú.



RÉ NUA CUR CHUIGE NUA

CAD IAD NA COSAINTÍ NUA DLÍTHIÚLA AR MO CHEARTA?

B'ionann na coimhmentí stairiúla a tugadh don Ghaeilge sa chomhaontú Ré Nua Chuige Nua in Eanáir 2020 agus forbairt stairiúil i bhfeachtas #AchtAnois de chuid An Dream Dearg. Cuireadh síos ar an mhéid sin mar thús-phointe do na hathruithe a bheadh le teacht. Ní mór a lua, áfach, nár chomhlíon na coimhmentí sin ar bhealach ar bith cuimsitheach an méid a gealladh do phobal na Gaeilge i gComhaontú Chill Rìmhinn in 2006. Ar an lámh eile, don chéad uair i stair an stáit a rinne leatrom stairiúil ar an teanga agus a rinne imeallú ar phobal na Gaeilge, baineadh amach coimhmentí a chinnteodh aitheantas oifigiúil don Ghaeilge sa dlí.

Is ábhar mór frustrachais é do phobal na Gaeilge an mhoill mhór atá ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta sin, pobal a thiomáin an feachtas chun an reachtaíocht sin a bhaint amach agus a bhrúigh ceistanna chearta teanga, aitheantais agus measa go croílár an dioscúrsa pholaitiúil.

Níl aon amhras ann ach gur chloch mhíle mhór eile í an choimhment phoiblí a thug Rialtas na Breataine i Meitheamh 2021 chun an reachtaíocht teanga a thabhairt fríd Westminster, mura raibh sin déanta ag Cnoc an Anfa faoin am sin, agus chun na Coimisinéirí a cheapadh faoi Mhárta 2022. Go dtí seo, ní dhearna Rialtas na Breataine beart de réir briathair agus níor ritheadh aon reachtaíocht fós.

Cé gur léiriú cumhachtach seo ar thionchar feachtasaíochta an phobail, a bhrúigh an cheist seo chun tosaigh ón bhun aníos, is fiú i gcónaí an comhthéacs a théann leis an fheachtas sin a lua go hoscailte. Thacaigh gach páirtí a chuaigh isteach san Fheidhmeannas úr leis an chomhaontú Ré Nua Cur Chuige Nua, agus chuaigh siad ar ais bunaithe ar chur i bhfeidhm na gcoimhmentí a bhí luaite sa chomhaontú sin. Ar an drochuair, bliain i ndiaidh bliana, ó bhí 2006 ann, cuireadh bac agus

constaíci roimh chur i bhfeidhm coimhitmintí, agus sheas an DUP sa bhealach agus muid ag bogadh i dtreo shocharí cheart-bhunaithe a bhaint amach. Arís eile an iarraidh seo, fágтар muid ar an imeall de thairbhe nach féidir leis an DUP glacadh le

cearta daonna atá aontaithe agus geallta le fada an lá. Maidir leis an dréacht-reachtaíocht a foilsíodh leis an chomhaontú sin agus tionchar na reachtaíochta ar an phobal, tá achoimre ar na príomh-fhorálacha thíos anseo:



CEAPADH AN CHOIMISINÉARA GAEILGE

Chun caighdeáin a cheapadh a bheas in úsáid ag na húdarais phoiblí agus chun mionscrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus neamhchomhlíonadh.



AITHEANTAS OIFIGIÚIL MAIDIR LE STÁDAS NA GAEILGE

Tugann seo feidhm dhlíthiúil do chumhachtaí an Choimisinéara Gaeilge agus d'fheidhmiú na gcaighdeán dea-chleachtais.



CAIGHDEÁIN BUNAITHE AR DHEA-CHLEACHTAIS DO NA HÚDARÁIS PHOIBLÍ

Leagtar amach sna caighdeáin treoracha soiléire chun seirbhísí agus soláthar Gaeilge a chinntiú don phobal ó na húdarais phoiblí.



MOL LÁRNACH AISTRIÚCHÁIN

Soláthraíonn seo seirbhísí aistriúcháin do na Ranna Rialtais ar fad, comhlachtaí páirtspiléacha, na húdarais phoiblí agus na Comhairlí Áitiúla.



STRAITÉIS DON GHAEILGE

Plean cuimsitheach a chuirfear i bhfeidhm maidir le forbairt agus athbheochan na Gaeilge, bunaithe ar chuspóirí réadúla, gníomhaíochtaí agus torthaí intomhaiste.



AISGHAIRM AN ACHTA UM RIAR AN CHEARTAIS 1737

Scríosann seo an cosc dlíthiúil a bhí ar úsáid na Gaeilge sna cúirteanna nó ar úsáid na Gaeilge ar cháipéisí cúirte (teastais bhreithe, bháis, phósta srl.)



AN GHAEILGE SA TIONÓL

Déantar na Buan-Orduithe a leasú agus cuirtear i bhfeidhm soláthar a éascaíonn úsáid na Gaeilge agus na hUltáise.



CEAPADH AN CHOIMISINÉARA GAEILGE

Éascaíonn an Coimisinéir Gaeilge deiseanna don phobal an Ghaeilge a úsáid, go háirithe sa saol poiblí. Tá ceapadh coimisinéara Gaeilge bunaithe ar mhúnla dea-chleachtais atá i bhfeidhm cheana féin sa Bhreatain Bheag agus ó dheas in Éirinn. Is é príomh-chúram an Choimisinéara Gaeilge dea-chleachtais a chur i bhfeidhm maidir le cosaint agus cur chun cinn na Gaeilge, agus an méid sin a dhéanamh gan tionchar nó clonadh polaitiúil.

FREAGRACHTAÍ AN CHOIMISINÉARA GAEILGE



CAIGHDEÁIN BUNAITHE AR DHEA-CHLEACHTAIS A DHRÉACHTÚ DO NA HÚDARÁIS PHOIBLÍ

Tá sé de dhualgas ar an Choimisinéir Gaeilge na caighdeáin seo a dhréachtú (déantar tuilleadh plé ar na caighdeáin sa chéad chuid eile den leabhrán seo).



RANGÚ A DHÉANAMH AR NA HÚDARÁIS PHOIBLÍ BUNAITHE AR AN TEAGMHÁIL A DHÉANANN AN POBAL LEO / A DHÉANANN SIAD LEIS AN PHOBAL

Déanfaidh an Coimisinéir Gaeilge rangú ar na húdaráis phoiblí ar **‘scála aistritheach’**. Baineann an rangú sin ar an chineál caighdeáin a bheas le cur i bhfeidhm acu.



MONATÓIREACHT A DHÉANAMH AR CHOMHLÍONADH AGUS AR CHUR I BHFEIDHM NA gCAIGHDEÁN TEANGA

Mar atá luaite i gComhaontú RNCCN, ní mór do na húdaráis phoiblí ‘aird mar is cúí’ a thabhairt ar na caighdeáin a luaitear leo. Titeann an fhreagracht ar an Choimisinéir Gaeilge iniúchadh leanúnach a dhéanamh ar chur i gcrích na ndualgas.



INIÚCHADH A DHÉANAMH AR GHEARÁIN DE RÉIR MAR IS CÚÍ

Má tá ball den phobal den tuairim go bhfuil ag teip ar údarás poiblí a gcuid dualgas maidir le caighdeán teanga a comhlíonadh agus go bhfuil ag teip orthu na seirbhísí cúí a sholáthar, tá an ceart acu **gearán a dhéanamh** leis an Choimisinéir Gaeilge. Is gá don choimisinéir ag an phointe sin an gearán a scrúdú.

Tá ceapadh Coimisinéara Gaeilge ríthábhachtach sa phróiseas seo ar fad maidir le cearta teanga mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas;



Neartaíonn an Coimisinéir Gaeilge cearta chainteoirí Gaeilge agus iad ag éileamh seirbhísí éagsúla ó údaráis phoiblí trí mheán na Gaeilge.




Tógann an Coimisinéir Gaeilge an próiseas cinnteoireachta amach as an timpeallacht pholaitiúil, ag feidhmiú mar dhroichead idir na húdaráis agus an pobal. Déanann seo dí-pholaitiú ar an teanga.



Leis an reachtaíocht seo, beidh an ceart ag pobal na Gaeilge gearáin a dhéanamh leis an Choimisinéir Gaeilge, nó buairimh a chur in iúl don Choimisinéir, má tá siad den tuairim go bhfuil ag teip ar údarás poiblí 'aird mar is cuí' a thabhairt ar na caighdeáin atá leagtha síos ag an Choimisinéir.

TÁ AN NÓS IMEACHTA MAIDIR LE GEARÁIN
A DHÉANTAR LEIS AN CHOIMISINÉIR GAEILGE
LEAGHTHA AMACH THÍOS ANSEO DE RÉIR
RNCCN





CAIGHDEÁIN DHEA- CHLEACHTAIS AGUS ÚDARÁIS PHOIBLÍ

Tá cur chuige na gcaighdeán dea-chleachtais bunaithe ar mhúnla na Breataine Bige. Bunófar na caighdeáin teanga atá luaite sa chomhaontú RNCCN ar 'scála aistritheach' agus beidh dualgas ar an Choimisinéir Gaeilge catagóirí a chruthú do na húdaráis phoiblí, catagóirí a bheas bunaithe ar an leibhéal idirghnímh a bhíonn acu le pobal na Gaeilge. Beidh líon nó méid na gcaighdeán teanga a bheas le cur san áireamh ag na húdaráis phoiblí ag brath ar leibhéal na gcatagóirí sin. Mar shampla, ba cheart go mbeadh na húdaráis phoiblí sin a mbíonn teagmháil laethúil, rialta acu le pobal na Gaeilge ceangailte leis na caighdeáin teanga sa chatagóir is airde. Ar an lámh eile, ba cheart go mbeadh caighdeáin teanga níos ísle i bhfeidhm ar na húdaráis phoiblí sin nach mbíonn teagmháil rialta acu le pobal na Gaeilge.



Méadaíonn caighdeáin teanga an líon deiseanna a bhíonn ann an Ghaeilge a úsáid i seirbhísí poiblí, agus leagann siad amach teoracha soiléire maidir leis an mhéid ar féidir leis an phobal bheith ag súil leis.



Bíonn caighdeáin teanga ag teacht leis an leibhéal idirghníomhaithe, agus ar an dóigh sin, ní dhéantar an Ghaeilge a bhrú ar dhaoine nár mhian leo plé léi. Cinntíonn na caighdeáin go mbíonn an soláthar cuí teanga ann dóibh siúd ar mhian leo plé le húdaráis phoiblí trí Ghaeilge.



Beidh dualgas ar údaráis phoiblí 'aird mar is cuí' a thabhairt ar na caighdeáin seo, dualgas atá piosa maith níos laige ná múnla na Breataine Bige, a bhfuil dualgas orthu na caighdeáin a chomhlíonadh ar fad.

Dá airde an chatagóir, is airde an caighdeán teanga a cheanglóidh an Coimisinéir Gaeilge leis an údaráis poiblí sin.

CATAGÓIR

A

Beidh an leibhéal idirghníomhaithe is airde leis an phobal ag na húdaráis phoiblí a luaitear leis an Chatagóir seo.

B

Beidh níos lú teagmhála ó lá go lá ag údaráis phoiblí sa chatagóir seo leis an phobal, ach beidh dualgas orthu fós seirbhísí poiblí a sholáthar don phobal trí mheán na Gaeilge.

C

Beidh idirghníomhú teoranta ag na húdaráis phoiblí sa chatagóir seo le pobal na Gaeilge. Beidh dualgas orthu fós, áfach, bunseirbhísí áirithe a sholáthar trí mheán na Gaeilge.



RANGÚ FÉIDEARTHA NA n-ÚDARÁS POIBLÚ AGUS AN OBAIR ATÁ AMACH ROMHAINN

Beidh údaráis phoiblí a luaitear le Catagóir A ag súil le caighdeán teanga níos cuimsithí bheith ceangailte leo, bunaithe ar an leibhéal idirghníomhaithe a bhíonn acu le pobal na Gaeilge. Mar thoradh ar an chatagóir sin beidh níos mó le déanamh acu agus le cur i bhfeidhm, i gcomparáid le húdaráis phoiblí a luaitear le catagóirí B agus C. Thíos anseo tá roinnt samplaí de chaighdeáin theanga de réir an dea-chleachtais. Ní liosta críochnaitheach é seo, agus de réir mar a leagtar na cúraimí seo amach, tá gach seans go mbeidh na caighdeáin seo níos leithne agus níos cuimsithí arís.

CATAGÓIR	CAIGHDEÁN 1	CAIGHDEÁN 2	CAIGHDEÁN 3	CAIGHDEÁN 4	CAIGHDEÁN 5	CAIGHDEÁN 6	CAIGHDEÁN 7
	COMHFHREAGRAS Má fhaigheann an t-údarás poiblí comhfhreagras ón phobal trí Ghaeilge, ní mór freagra a fhabhairt trí Ghaeilge (má bhíonn freagra de dhíth).	INFHEICTHEACHT Ní mór aon fhógra a fhoilsiú agus a fhógairt go dátheangach (Gaeilge agus Béarla), agus nior cheart caitheamh leis an leagan Gaeilge ar bhealach níos lú nó níos measa ná mar a chaitear leis an leagan Béarla.	FOILSEACHÁIN Is gá aon cháipéis a chuirtear ar fáil don phobal a chur ar fáil trí Ghaeilge.	OILIÚINT AGUS CUMAS/ IN- NIULACHT Tá dualgas ar an údarás poiblí oiliúint maidir le húsáid éifeachtach na Gaeilge a chur ar fáil mar a bhaineann sé le: (a) Plé leis an phobal; (b) Cruinnithe; (c) Agallaimh agus; (d) Gearáin agus próisis smachta.	AN TAIRISCINT GHNÍOMHACH Agus seirbhís nó cáipéis á lorg ag an phobal, ní mór don údarás poiblí an tseirbhís sin a ofráil / an cháipéis a chur ar fáil trí Ghaeilge go gníomhach.	FÓGRAÍ POIBLÍ Nuair a chuireann an t-údarás poiblí teachtaireacht amach trí chóras fógartha poiblí, is gá go mbeadh an teachtaireacht ann trí Ghaeilge fosta.	CÚRSAÍ POIBLÍ Sa chás go mbíonn cúrsa eolais, feasachta, nó oideachais á chur ar fáil don phobal, is gá go mbeadh go ndéanfaí éileamh ar an chúrsa trí Ghaeilge a mheas.
A	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
B	✓	✓	✓	✓	✓		
C	✓	✓	✓	✓			

CAD IS ÚDARÁS POIBLÚ ANN?

Is eagraíochtaí stáit iad na húdaráis phoiblí a mhao-
inítear go poiblí chun seirbhís stáit nó phoiblí a sholáthar.
De réir na reachtaíochta a ceanglaíodh le RNCCN,
ní bheidh sé de dhualgas ach ar na húdaráis poiblí a
leagtar amach i sceideal 3 d'Acht an Ombudsman um
Sheirbhísí Poiblí TÉ (2016) 'aird chuí' a thabhairt ar na
caighdeáin teanga a bheas le socrú ag an Choimisinéir
Gaeilge. Meastar go mbeidh timpeall 120 údarás poiblí i
gceist agus déanfaidh an Coimisinéir Gaeilge rangú orthu
uilig. Ar an liosta seo, mar shampla, luaitear 'comhairle
áitiúil' mar údarás poiblí amháin, cé go bhfuil 11 chom-
hairle áitiúil ann ó thuaidh.

I gcomparáid le caighdeáin teanga na Breataine Bige,
tá scóp na gcaighdeán teanga a luaitear i reachtaíocht
RNCCN i bhfad níos cúinge. Tá roinnt údarás a éas-
caíonn seirbhísí poiblí nach bhfuil san áireamh ar
Sceideal 3 d'Acht an Ombudsman um Sheirbhísí Poiblí
TÉ (2016). Bhí an t-eolas uilig maidir le scrúduithe agus
srianta Covid-19, mar shampla, faoi chúram Gov.uk,
agus ní bheadh seirbhís mar sin clúdaithe sa liosta atá i

gceist sa reachtaíocht. Ní bheadh an tseirbhís sin, seirbhís
a bhí agus a bheas in úsáid arís ag an phobal, ar fáil
trí Ghaeilge; ach bheadh sé ar fáil trí Bhreatainis. Beidh
deis ann, áfach, údarás nó seirbhís nach bhfuil luaite ar
Sceideal 3 a chur san áireamh, bheadh cead de dhíth ón
Chéad Aire agus ón Leas-Chead Aire. Fágann sé seo go
mbeadh cumhacht chrosta acu.

AN TÁBHACHT A BHAINNEANN LE TAIRISCINT GHNÍOMHACH Ó NA HÚDARÁIS PHOIBLÚ

Tríd an chleachtas seo, ofrálaíonn údarás poiblí seirbhís
trí Ghaeilge ón tús, sula lorgaíonn an cainteoir Gaeilge
an tseirbhís sin trí Ghaeilge iad féin. Bíonn cuid mhór
buntáistí leis an chur chuige seo maidir le soláthar
Gaeilge; cinnfíonn an modh seo go mbíonn úsáideoirí
Gaeilge eolach ar an rogha seirbhísí atá ar fáil dóibh
trí Ghaeilge agus díbríonn sé an bonn tuisceana go
labhraíonn cainteoirí Gaeilge Béarla ar aon nós.



**NÍ DHÉANANN AN T-ÚDARÁS
POIBLÚ A GCUID SEIRBHÍSÍ GAEILGE A
'THAIRISCINT GO GNÍOMHACH'.**



**NÍ BHÍONN FHIOS AG AN
CHAINTEOIR GAEILGE GO BHFUIL
AON SEIRBHÍS GAEILGE ANN AGUS
IN AMA==NNA NÍL SIAD SÁSTA AN
TSEIRBHÍS SIN A LORG NÓ A ÉILEAMH
IAD FÉIN**



**NÍ BHAINTEAR ÚSÁID AS NA
SEIRBHÍSÍ GAEILGE AGUS NÍ
COMHLÍONTAR RIACHTANAIS
PHOBAL NA GAEILGE.**



**DÉANANN AN T-ÚDARÁS POIBLÚ
A GCUID SEIRBHÍSÍ GAEILGE A
'THAIRISCINT GO GNÍOMHACH'.**



**BAINTEAR AN FHREAGRACHT DEN
CHAINTEOIR GAEILGE AN TSEIR-
BHÍS SIN A LORG AR AN CHÉAD
DUL SÍOS.**



**BAINTEOIR ÚSÁID NÍOS RIALTA
AS NA SEIRBHÍSÍ GAEILGE AGUS
COMHLÍONTAR RIACHTANAIS
PHOBAL NA GAEILGE.**

CAD É MAR A DHÉANFAÍ NA HÚDARÁIS PHOIBLÍ A RANGÚ?

CUIREANN an reachtaíocht dualgas ar an Choimisinéir Gaeilge catagóirí a chruthú do na caighdeáin teanga. Nuair a bheas seo déanta, beidh obair le déanamh ag an Choimisinéir na húdaráis phoiblí a rangú de réir catagóirí, ag brath ar an mhéid idirghníomhaithe a bhíonn acu leis an phobal. Beidh seo déanta ar scála aistritheach, mar shampla, Catagóirí A-C. Tá gach seans go mbeidh scála níos mó ann, sa mhéid is go mbeidh níos mó catagóirí i gceist ná díreach A-C, ach braitheann líon na gcatagóirí ar mhodheolaíocht an Choimisinéara Gaeilge maidir le húdaráis phoiblí a rangú. Thíos anseo déantar iarracht tús a chur leis an phlé maidir leis an rangú sin. Ní liosta deifnídeach é seo, ach tá iarracht déanta gach údarás poiblí a rangú ag brath ar an mhéid idirghníomhaithe a bhíonn ann idir na húdaráis féin agus an pobal.

CATAGÓIR A

- An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe
- An Roinn Pobal
- An Roinn Geilleagair
- An Roinn Oideachais
- Oifig an Fheidhmeannais
- An Roinn Airgeadais
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Bonneagair
- An Roinn Ceartais
- Comhairle Buirge Aontroma agus Bhaile Nua na Mainistreach
- Comhairle Buirge na hArd agus an Dúin Thuaidh
- Comhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon
- Comhairle Cathrach Bhéal Feirste
- Comhairle Buirge Chósta Chlochán an Aifir agus na nGlinnte
- Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSraitha Báin
- Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí
- Comhairle Lios na gCearrbhach agus an Chaisleáin Riabhaigh
- Comhairle Buirge Aontroma Láir agus Thoir
- Comhairle Ceantair Lár Uladh
- Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
- Ollscoil Uladh
- Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
- Comhairle Óige Thuaisceart Éireann
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil
- An tÚdarás Oideachais
- Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann
- Comhairle Ghinearálta Muinteoireachta Thuaisceart Éireann
- Comhairle Curadaim, Scrúduithe agus Measúnachta Thuaisceart Éireann
- Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
- Údarás Leabharlann Thuaisceart Éireann
- Comhairle Músaem Thuaisceart Éireann
- Comhairle Spóirt Thuaisceart Éireann
- Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta Bhéal Feirste
- Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Oirdheiscirt
- Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Tuaiscirt
- Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Deiscirt
- Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Iarthair
- Iontaobhas Seirbhíse Otharcharranna Thuaisceart Éireann
- An Chomhairle Othar agus Cliaint
- An Ghníomhaireacht Réigiúnach um Shláinte Phoiblí agus Folláine Shóisialta
- Soláthraí ginearálta cúraim sláinte
- Soláthraí neamhspleách sláinte agus cúraim shóisialta
- Feidhmeannacht Tithíochta Thuaisceart Éireann
- Comhlachas tithíochta cláraithe de réir bhrí Alt 3 d'Ordú Tithíochta

(Tuaisceart Éireann) 1992

- Bord Thuaisceart Éireann Um Chumhdach
- Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Chaidreamh Pobail
- Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann
- Coimisinéir Thuaisceart Éireann um Dhaoine Scothaosta
- An Coimisinéir um Marthanóirí Droch-íde Institiúidí san Óige
- Institiúid Breisoideachais
- Bord gobharnóirí scoile deontaschúnta
- Comhpháirtíocht póilíneachta agus sábháilteachta pobail nó comhpháirtíocht póilíneachta ceantair agus sábháilteachta pobail
- Gníomhaireacht shainiúil sláinte agus cúraim shóisialta
- Bord oiliúna tionscail
- Oifigeach Achomhairc Chuideachtaí Leas an Phobail
- Comhlacht forfheidhmithe lena mbaineann an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999
- Coimisiún um bailte úra a bunaíodh faoi Acht na mBailte Úra (Tuaisceart Éireann) 1965 go 1968
- Coimisiún an Fheidhmeannais
- Oifig Choimisinéir Thuaisceart Éireann um Leanaí agus Daoine Óga

CATAGÓIR B

- Comhairle Ghinearálta Tomhaltóirí Thuaisceart Éireann
- Fostaíocht faoi Thacaíocht Uladh Teoranta
- An Painéal Neamhspleách um Athbheithniú Airgeadais
- Coimisiún Thuaisceart Éireann um Fhoireann an Rialtais Áitiúil
- Coiste Aoisliúntais Oifigigh Rialtas Áitiúil Thuaisceart Éireann
- Coimisiún Carthanas Thuaisceart Éireann
- Infheistíocht Thuaisceart Éireann
- Príomhchigire an Cheartais Choiriúil i dTuaisceart Éireann
- Coimisiún Thuaisceart Éireann um Íospartaigh agus Marthanóirí
- Bord Promhaidh Thuaisceart Éireann
- An Rialachán Sláinte agus Cúraim Shóisialta agus an tÚdarás um Fheabhsú Caighdeán
- Comhairle Cúraim Shóisialta Thuaisceart Éireann
- Oifig an Oifigigh Deimhniúcháin do Thuaisceart Éireann
- An Ghníomhaireacht um Chaidreamh Oibreachais
- Rialtóir Chuideachtaí Leas an Pobail
- Feidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann
- Coimisinéirí Státseirbhíse Thuaisceart Éireann
- An Bord Sásaimh um Dhroch-íde Institiúideach san Am atá Caite a bunaíodh faoi alt 1 den Acht um Dhroch-íde Institiúideach san Am atá Caite (Tuaisceart Éireann) 2019
- Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Chleachtas agus Oideachas maidir le hAltranas agus Cnáimhseachas
- An Bord Réigiúnach Sláinte agus Cúraim Shóisialta

CATAGÓIR C

- An Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha
- Údarás Thuaisceart Éireann na gCuan lascaigh
- Fondúireacht Chros Sheoirse Chonstáblacht Ríoga Uladh
- An tIontaobhas um Athshlánúcháin agus Athoiliúint na bPóilíní
- An Ciste do Phóilíní Thuaisceart Éireann
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas larchéime Leighis agus Fiaclóireachta
- Bord Iontaobhaithe Mhúsaem agus Dhánlanna Náisiúnta Thuaisceart Éireann
- An Eagraíocht Réigiúnach Seirbhísí Gnó
- Údarás cuain de réir bhrí Acht na gCuan (Tuaisceart Éireann) 1970
- Coimisiún Beostoic agus Feola Thuaisceart Éireann
- Údarás Thuaisceart Éireann um Rialú Fóntas
- Oifig Iniúcháireachta Thuaisceart Éireann
- An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste



AITHEANTAS OIFIGIÚIL MAIDIR LE STÁDAS NA GAEILGE

Is cuid lárnach eile den reachtaíocht Gaeilge seo ‘an t-aitheantas oifigiúil maidir le stádas na Gaeilge.’ Bhí agus bíonn míthuiscintí ann fós maidir leis an chuid seo den reachtaíocht. An ionann an fhoráil sin agus go bhfuil ‘stádas oifigiúil’ ag an Ghaeilge anseo? Go teicniúil, bíonn dhá chiall leis an rud is ‘stádas oifigiúil’ ann, agus is gá an dá chiall sin a chomhlíonadh chun ‘stádas oifigiúil’ a bhronnadh ar stádas teanga:

DEARBHÚ

Tá ráiteas nó líne a luaitear i gcreatlach dhlíthiúil náisiúnta a deir go bhfuil stádas oifigiúil ag an teanga.

Ní dhéanann comhaontú RNCCN aon tagairt dhíreach do stádas oifigiúil, mar a dhéanann reachtaíocht na Breataine Bige. Is é an rud atá luaite i RNCCN ná ‘aitheantas oifigiúil maidir le stádas na Gaeilge’, agus baineann sin leis na forálacha breise atá ceangailte leis an reachtaíocht úr mar aon leis an soláthar reachtúil a bhí ann roimhe seo.

Tuigtear do dhaoine áirithe go bhfuil ‘stádas oifigiúil’ á bhronnadh ar an Ghaeilge mar go mbeidh aitheantas éigin ann don Ghaeilge i gcreatlach dhlíthiúil.

Mar achoimre, ní chlúdaítear ach na forálacha a luaitear go sonrach sa reachtaíocht sa “stádas oifigiúil” seo don Ghaeilge. Ní bheidh aon “chearta” eile nach luaitear i reachtaíocht RNCCN curtha i bhfeidhm nó ar fáil do chainteoirí Gaeilge. Mar thoradh ar na heasnamh seo, beidh seans

ÉIFEACT DLÍ

An dóigh a gcuirtear an ‘dearbhú’ i bhfeidhm sa dlí.


Ní bhaineann éifeacht dlí an dearbhaithe seo ach le dhá fhoráil ar leith a luaitear go sonrach sa reachtaíocht féin;

1. Ceapadh agus feidhmeanna an Choimisinéara Gaeilge agus
2. Na caighdeáin teanga dheachleachais a luaitear leis na húdaráis phoiblí.

Mar aon leis na forálacha úra seo luaitear an soláthar reachtúil atá ann don Ghaeilge cheana féin;

- Alt 28(d) d’Acht Thuaisceart Éireann (1998)
- Alt 89 den Ordú Oideachais (2000)

níos airde ann nach gcaithfear leis an Ghaeilge go fabhrach sa dlí. Tá an stádas dlíthiúil seo píosa maith níos laige ná stádas na Breataine Bige sa dlí ansin, áit a luaitear go sonrach agus go soiléir sa reachtaíocht go bhfuil “stádas oifigiúil ag an Bhreatainis sa Bhreatain Bheag.”



AISGHAIM AN ACHTA UM RIAR AN CHEARTAIS 1737

Tá seo ar cheann de na Péindlíthe deiridh atá fós i bhfeidhm. Mar thoradh ar an Acht seo, tá sé mídhleathach an Ghaeilge a labhairt sna cúirteanna, agus tá cosc ar úsáid na Gaeilge i gcáipéisí de chuid na cúirte fosta. De dheasca seo ar fad, díbríodh an Ghaeilge ar fad ó chóras na gcúirteanna, agus cuireadh próisis Bhéarla-amháin i bhfeidhm ar fad. Rinneadh Achtanna coibhéiseacha a aisghairm i Sasana agus sa Bhreatain Bheag in 1863. Luaitear an aisghairm seo go sonrach sa dréacht-reachtaíocht a foilsíodh le RNCCN.



Chuirfí ar fáil soláthar ateangaireachta le linn imeachtaí cúirte dóibh siúd nach labhraíonn Béarla, agus d'fheadfaí sin a chur ar fáil chun úsáid na Gaeilge a éascú fosta.



Chuirfí ar fáil fosta soláthar reachtúil chun breitheanna, báis agus póstaí a chlárú trí Ghaeilge a éascú fosta, agus bheadh an soláthar ann fosta uachtanna a dhéanamh go dlíthiúil trí Ghaeilge.



Bheadh sé faoi chúram na cúirte, áfach, úsáid riachtanach na Gaeilge a mheas. D'fheadfaí seo a bheith ciotach agus deacair dá mbeadh cumas sa Bhéarla ag na páirtithe ar fad. Ar an tuiscint seo, bheadh "rogha an diúltaithe" ag na cúirteanna; bheadh leithscéal acu gan an Ghaeilge an úsáid mura mian leo, in áit an cinneadh seo a fhágáil faoi dhíscréid an chainteora féin.

Cinníonn foráil seo na reachtaíochta nach mbeidh sé mídhleathach a thuilleadh an Ghaeilge a labhairt sna cúirteanna, nó an Ghaeilge a úsáid i gcáipéisí cúirte. Beidh úsáid na Gaeilge agus cead na seirbhísí ateangaireachta a úsáid fágtha faoi dhíscréid na cúirte. Dá nglacadh an chúirt le hiarratas an Ghaeilge a

úsáid, bheadh an ceart ag duine fianaise a thabhairt trí Ghaeilge, agus bheadh deis éisteacht chúirte teaghlaigh agus caingne sibhialta a dhéanamh trí Ghaeilge. Is dócha go gcuirfí ar fáil ateangaire, a bheadh i láthair chun do chuid fianaise nó ráiteas a chur i láthair dóibh siúd a bheadh i láthair i seomra na cúirte.



STRAITÉIS DON GHAeilGE

Leagann an Straitéis don Ghaeilge plan fadtéarmach amach don teanga, agus bíonn forbairt na Gaeilge a chosaint agus a chur chun cinn ar fud gach cuid den tsochaí mar aidhm aici. Cuireann straitéis cuspóirí réadúla, gníomhaíochtaí agus torthaí intomhaiste ar fáil maidir le forbairt agus athbheochan na Gaeilge. Beidh an reachtaíocht don Ghaeilge (an “tAcht”) ann chun creatlach dhlíthiúil a chur ar fáil agus an Ghaeilge a chosaint, ba cheart go n-amharcaí ar an straitéis mar a

bheadh treochlár ann faoi cheangal ama, go mbeadh sé dírithe ar phobail, agus bunaithe ar idirghabhálacha agus beartais phleanála teanga thar tréimhse de 20 bliain.

Titeann an choimitmint is déanaí a tugadh maidir leis an Straitéis, a luaitear sa chomhaontú RNCCN, faoi chúram na Roinne Pobail. De réir an chomhaontaithe, forbrófar an straitéis trí phróiseas comhdheartha a dhéantar i gcomhar leis an phobal; ceapfar Painéal Comhairleach Saineolaithe chun treoir a chur ar fáil don Roinn maidir le hábhar na Straitéise úire don Ghaeilge. Cuirfear spásanna pobail ar fáil chun go ndéanfaidh an Grúpa Comhdheartha Gaeilge moltaí de chuid an Painéil Shaineolaithe a mheas, chun cur i bhfeidhm na Straitéise a chinntiú agus chun aischothú a thabhairt ar an dréacht-straitéis.



Soláthraíonn an Straitéis don Ghaeilge planáil agus gníomhaíocht fadtéarmach, straitéiseach don phobal. Ní bheidh ar an phobal brath í gcónaí ar thionscnaimh ghearr-théarmacha agus ad-hoc, nach mbíonn táscairí nó torthaí intomhaiste leo de ghnáth mar a bheadh i gceist le plan forbartha nó athbheochana teanga.



Cruthaíonn an próiseas comhdheartha de chuid na Straitéise seo don Ghaeilge spásanna pobail nua chun gur féidir leis an phobal ionchur a bheith acu ar ábhar na Straitéise féin. Beidh deis ag an phobal plé le agus dul i bhfeidhm ar chinnteoirí ar bhealach suntasach agus cuimsitheach.



Go dtí seo, bhí moill mhór ar achan uile chuid d’fhorbairt na Straitéise seo. Ar ndóigh, níor chuidigh an phaindéim leis an obair seo, ach ag an am céanna, rinneadh dul chun cinn i bhfad níos fearr ar na straitéisí maidir le hionchuimsiú sóisialta, a raibh na hamscálaí céanna forbartha luaite agus a bhí

luaite leis an Straitéis don Ghaeilge. Tá sé míréasúnta go bhfuil moill arís eile ar fhorbairt straitéise don Ghaeilge, atá le bheith bunaithe ar straitéis a scríobhadh roimhe seo in 2015, agus a gealladh i gComhaontú Chill Rìmhinn in 2007.



MOL LÁRNACH AISTRIÚCHÁIN

Aontaíodh fosta mar chuid de RNCCN go mbunófaí Mol lárach aistriúcháin a bheadh mar chuid den Roinn Airgeadais agus go mbeadh seo déanta faoi cheann 3 mhí ó síníodh an comhaontú sin. Is é an cuspóir atá ag an Mhol Lárnach Aistriúcháin seirbhísí aistriúcháin a sholáthar don 9 Roinn Rialtas, do na Comhlachtaí Páirtspleácha, do na húdaráis Phoiblí agus na Comhairlí Áitiúla. Cuirfear aistriúcháin scríofa, profáil nó tras-scríobh ar fáil do na ranna agus do na húdaráis tríd an tseirbhís aistriúcháin seo.

Mar gheall air seo, ba cheart go mbeadh muid ag dúil le tuilleadh Gaeilge a fheiceáil:

- i mBillí agus san áireamh ar fhoilseacháin thábhachtacha eile;
- i gComhfhreagras idir an stát agus an pobal;
- ar Fhoirmeacha
- ar stáiseanóireacht agus;
- ar shuíomhanna idirlín.

Ó foilsíodh comhaontú RNCCN, aistríodh cúraimí an Mhoil Lárnaigh Aistriúcháin chuig an Roinn Pobal. Seoladh an tseirbhís in Aibreán 2021.



Ba chóir go mbeadh an ceart ag gach duine cumarsáid a dhéanamh le ranna stáit agus le heagrais stáit trí mheán na Gaeilge, agus ba chóir go mbeadh an ceart acu freagra a fháil trí Ghaeilge fosta. Éascaíonn an Mol Lárnach Aistriúcháin an rogha comhfhreagrais seo.



Tá seo bunaithe ar mhúnla dea-chleachtais agus tá sé ar an mhodh is stuama i dtaobh airgeadais agus aistriúcháin ar éileamh de. Beidh feidhm lárnach ag an Mhol Lárnach Aistriúcháin nuair a bheas na caighdeáin teanga foilsithe ag an Choimisinéir Gaeilge. Faoin am sin, beidh billí agus foilseacháin thábhachtacha eile de chuid 100+ údarás poiblí le haistriú. Ba cheart go mbeadh an Mol Lárnach ábalta freastal ar an éileamh sin.



AN GHAELGE SA TIONÓL

Mar atá luaite i gcomhaontú RNCCN, tá na Buan-Orduithe le leasú ar mhaithe le soláthar aistriúcháin chomhuainigh a thabhairt isteach sa Tionól dóibh siúd ar mhian leo Gaeilge nó Ultais a úsáid. Mar thoradh air seo, beidh an ceart ag aon CTR nó aon bhall den phobal an Ghaeilge a úsáid i bpríomhsheomra an Tionóil féin agus déanfar a gcuid ráiteas a aistriú go Béarla dóibh siúd sa seomra nach bhfuil Gaeilge acu.

Glacadh le rún i Meitheamh 2021 a chinntigh an soláthar aistriúcháin chomhuainigh seo ar bhonn éighníomhach (Gaeilge go Béarla amháin) sa Tionól. Déanfar athbhreithniú ar an tseirbhís faoi cheann 6 mhí bunaithe ar éileamh.

Aistriúchán Comhuaineach: Déanann ateangaire an ráiteas a aistriú ó Ghaeilge go Béarla beo ar an láthair, de réir mar atá an cainteoir féin i mbun cainte.

Aistriúchán éighníomhach: Aistríonn an t-ateangaire ó Ghaeilge go Béarla, ach ní thugtar seirbhís ó Bhéarla go Gaeilge. Tarlaíonn sé ar an bhealach seo mar go nglactar leis go dtuigeann gach duine sa chomhthéacs seo Béarla.



Sular glacadh leis an rún seo, sa chás gur mhian le Comhalta Gaeilge a labhairt, luigh an fhreagracht leis an duine féin aistriúchán a dhéanamh ar a ráiteas féin. Cinntíonn an córas seo nach mbíonn duine a roghnaíonn Gaeilge a úsáid faoi aon mhíbhuntáiste.



Leis an athrú nua seo, ní chuirtear an tseirbhís ateangaireachta ar fáil ach i seisiúin iomlánacha (cruinnithe de chuid an Tionóil a mbíonn gach ball den Tionól i láthair iontu). Níor cuireadh an tseirbhís ar fáil ag cruinnithe coistí nó fochoistí. Ar an drochuair, mar sin, má bhíonn ball den phobal ag labhairt os comhair coiste, ní chuirtear seirbhísí ateangaireachta ar fáil más mian leis an duine sin Gaeilge a úsáid.



Níor cheart go mbeadh seirbhísí Gaeilge, atá mar mhionteanga, ag brath i gcónaí ar mhór-tháscairí éilimh nó úsáide. Cuireann an t-athbhreithniú 6 mhí coinníollacha úsáide i bhfeidhm nach bhfuil de dhíth ar sheirbhís atá iontach go deo dearfach do phobal na Gaeilge.

CAD É AR FÉIDIR LIOMSA A DHÉANAMH ANOIS?


Le blianta anuas, dhiúltaigh pobal na Gaeilge scun scan suí agus fanacht leo siúd i gcumhacht an rud ceart a dhéanamh ar son na teanga agus ar son an phobail. Tuigeann an pobal go rímhaith nár chóir fanacht le 'cead' ó na daoine agus ó na páirtithe céanna a d'imir ról lárnach d'aon ghnó ar imeallú na teanga sa tréimhse sin. Tá gluaiseacht na Gaeilge sa lá atá inniu ann ag tógáil ar na bunchlocha a chur ceannródaíthe Ghaeltacht Bhóthar Seoighe, a raibh tionchar claochlaitheach ar mhana clúiteach an phobail sin, 'ná habair é déan é', ar athbheochan Gaeilge an lae inniu.

Gach rud atá bainte amach ag pobal na Gaeilge tá sé bainte amach in ainneoin an stáit, ní i gcomhar leis an stát. Bhí ar an phobal i rith an ama dul i mbun gnímh iad féin agus léirigh siad don domhan mór gur féidir rudaí móra a bhaint amach nuair a thagann daoine le chéile, eagraithe, d'aon ghuth; níl aon cheist nach féidir í a fhreagairt, níl aon éileamh nach féidir a dhéanamh agus níl aon neamhionannas nach féidir a cheistiú. Mar phobal, tá na scileanna, an t-eolas, an cumas agus an gníomhú againn ár gcearta a éileamh. Níl cead uainn.

Ar an ábhar sin, cé gur údar mór frustrachais í an mhoill atá ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta teanga ó RNCCN, is féidir linn dul i mbun gnímh go fóill. Ní gá dúinn suí agus fanacht leo siúd atá i gcumhacht; tá an cumas agus an deis againn féin na ceisteanna ciotacha a chur, ár gcuid díospóireachtaí féin a dhéanamh agus páirt a ghlacadh sna comhráite sin. Seo roinnt gníomhaíochtaí ar féidir leatsa a dhéanamh anois chun tionchar a imirt ar an scéal seo:




1. Déan iarratas ar chomhartha sráide dátheangach i do cheantar féin



Tá a gcuid rialacha féin ag gach uile ceann den 11 comhairle áitiúil ó thuaidh agus cónaitheoir ar lorg comhartha sráide dátheangach. Tá réimse polasaithe i bhfeidhm. Tá comhairlí ann a bhfuil polasaithe maithe i bhfeidhm acu; tá comhairlí

eile ann agus níl aon pholasaí acu. Fágann sin go bhfuil an deis ag cónaitheoir comhartha sráide dátheangach a lorg i gcomhairle amháin, ach i gcomhairlí eile, níl an rogha sin ann. Tá comhairlí ann fosta a bhfuil polasaithe millteanacha acu ar an ábhar seo, polasaithe atá lán le constaicí agus baic. Tá tábhacht ollmhór le hinfheictheacht mhionteanga; cuidíonn sin le dearchtaí dhaoine ar an teanga a normalú agus cuireann sé chun cinn tuiscint níos fearr ar an cheist le gach cuid den phobal. Is féidir leat an polasaí agus na céimeanna atá le glacadh chun comharthaí dátheangacha a bhaint amach i do cheantar féin a fheiceáil anseo agus tá uirlis idirghníomhach ann fosta chun tacú leat agus an t-iarratas á dhéanamh agat. Díreach lean an barrachód thuas.



2. Tabhair dúshlán do chomhairle féin



Bíonn ról lárnach ag comhairlí áitiúla maidir le comhlíonadh oibleagáidí Gaeilge an stáit leis an phobal; bíonn dualgas acu maidir le forbairt pobail agus dea-chaidrimh a chur chun cinn, mar


shampla, agus ba cheart go mbeadh comhairlí ag dul i ngleic le claontacht agus iad ag an am céanna i mbun oibre chun tuiscint níos fearr idir gach pobal a chur chun cinn. Tá roinnt rudaí déanta ag roinnt comhairlí chun tacú leis an Ghaeilge agus chun bunseirbhísí a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge, ach arís eile, is mór an difear idir an méid atá ar fáil i gcomhairle amháin agus an méid atá (nó nach bhfuil) ar fáil i gcomhairlí eile. In 2015 chuir Foras na Gaeilge treoircháipéis le chéile chun tacú le comhairlí áitiúla a gcuid dualgas faoin Chairt Eorpach do

Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a chur i bhfeidhm. Is féidir leat teacht ar an cháipéis sin ag an bharrachód thuas. agus taighde a dhéanamh le do chomhairle áitiúil maidir leis an soláthar atá, nó nach bhfuil, i bhfeidhm i do cheantar féin.

Sa bhliain 2019, chuir Conradh na Gaeilge, CAJ agus Ollscoil Uladh creatlach comhlíonta le chéile a dhéanann tomhas ar chomhlíonadh na gcomhairlí áitiúla maidir lena ndualgas faoin Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlath. Is féidir feiceáil cé acu, más ann dóibh, beartas atá á nglacadh ag do chomhairle áitiúil trí scannáil a dhéanamh ar an bharracód a leanas:



3. Tapaigh cumhacht na meán sóisialta



Tá na meáin shóisialta aitheanta go mór sa lá atá inniu ann mar uirlis iontach úsáideach maidir leis an ghníomhaíochas nua-aimseartha. Leis na meáin shóisialta bíonn an deis againn dul i dteagmháil láithreach leis na cinnteoirí, le lucht

féachána agus lucht úsáide forleathan, agus bíonn muid ábalta ár nguth a úsáid chun dúshlán neamhionannais sa tsochaí a thabhairt, nó chun athruithe dearfacha a mholadh nuair a thiteann siad amach. Tá béim ollmhór anois ar an ghníomhaíochas seo ar an meáin shóisialta, go háirithe ó thosaigh an phaindéim Covid-19, agus bíonn pobail agus eagraíochtaí i mbun feachtasaíochta ar na meáin shóisialta chun a gcuid teachtaireachtaí a chraobhscaoileadh. Cuidíonn gach idirghníomh le feachtais éagsúla, idir 'is maith liom' a rá le postáil, nó rud a 'roinnt' nó a 'atvuíteáil'.



4. Tacaigh le feachtais teanga

Níl aon amhras ann ach go bhfuil borradh mór tágtha ar ghníomhaíochas Gaeilge le blianta beaga anuas. Ar fud na háite ó thuaidh tá pobail agus daoine ag tabhairt

dúshlán an status quo, ag dul i mbun eagraithe agus ag cur a gclár féin chun tosaigh. Níl pobal na Gaeilge sásta glacadh leis go gcaithfí leo mar shaoránaigh den dara ghrád. Nuair a thagann daoine aonair ar aon tuairimíocht le chéile ar mhaithe le sprioc aontaithe a bhaint amach, níl aon amhras ann ach gur féidir athrú claochlaitheach a bhrú chun cinn. Mar sin, glac páirt; bíodh sin mar chuid de #AchtAnois leis an Dream Dearg, nó mar chuid d'fheachtas áitiúil, ag freastal ar chruinniú, nó ag dul i dteagmháil linn chun do ról féin sa scéal a fhiosrú. Bíonn go leor leor ama i gceist le gníomhaíochas agus déanann sé difear ollmhór nuair a thagann gach duine le chéile leis an obair sin a chur i gcrích. Ní neart go cur le chéile.



5. Ná bí i do shuí ag fanacht. Glac páirt anois!

Smaoinigh ar an mhéid a bhí le rá ag Emma Watson in 2014. 'Mura ndéanaim féin é, cé a dhéanfaidh? Mura ndéanaim anois é, cén uair a dhéanfaidh mé é?' Má fhanann muid leo siúd atá i gcumhacht an gníomh a dhéanamh dúinn, beidh muid ag fanacht go deo. Más mian linn athruithe suntasacha a bhaint amach, is gá dúinn é a dhéanamh muid féin. Bíonn muid go léir ciontach as an chur chuige 'mura ndéanaim féin é, déanfaidh duine eile é', ach tá ról againn ar fad sa ghluaiseacht seo. Má tá baint agat leis an ghluaiseacht cheana féin, tóg peann agus tosaigh ag scríobh. Tabhair do chuntas féin ar an mhéid atá ag dul ar aghaidh. Scríobh an stair beo, de réir mar atá rudaí ag titim amach. Más mian leat bheith páirteach, gabh i dteagmháil linn. Déan do thaighde féin. Cuir do cheisteanna féin. Is fiú é uilig. Ní bheidh cathú ort.

Ní mór dúinn a aithint nach bhfuil na forálacha reachtúla agus teanga a cheanglaítear le comhaontú RNCCN cuimsitheach go leor. Sa tuairisc mhonatóireachta is déanaí atá foilsithe ag Comhairle na hEorpa maidir le Rialtas na Breataine agus mar atá ag éirí leo a gcuid dualgas faoin Chairt Eorpach a chomhlíonadh, tuairiscítear: *"Fiú agus an méid atá luaite i gcomhaontú Eanáir 2020 curtha i bhfeidhm agus curtha sa dlí, beidh gá fós le hAcht Gaeilge cuimsitheach."*

Chuir sin, fiú agus reachtaíocht RNCCN curtha i bhfeidhm, beidh bóthar fada romhainn agus muid ag dul sa tóir ar chearta teanga cuimsitheacha. Leanann an t-aistear agus an turas sin ar aghaidh. Ní ag an deireadh atá muid; ach ag an tús.



01

AN CEART BREITHEANNA, BÁIS AGUS PÓSTAÍ A CHLÁRÚ TRÍ GAEILGE

GO PRAITICIÚIL, CAD É ATÁ I GCEIST LEIS SEO?

Sular foilsíodh comhaontú RNCC, bhí sé in éadán an dlí an Ghaeilge a úsáid nó a bheith luaite ar cháipéisí cúirte. Mar gheall ar an dlí sin, bhí teastais a bhain le breitheanna, báis agus póstaí, mar aon le huachtanna, ar fáil agus le comhlíonadh i mBéarla amháin. Bhí cosc ar ár gcearta teanga de dheasca nach raibh teacht againn ar cháipéisí cúirte inár dteanga féin.

- Le hAisghairm an Achta um Riar an Cheartais 1737 beidh teastais maidir le breitheanna, báis agus póstaí ar fáil anois don phobal i nGaeilge; má bhíonn leanbh ag cara leat, má phósann duine nó má chailltear duine, is féidir na teastais sin a líonadh agus a chlárú trí Ghaeilge.

- Luaitear fosta i gcomhaontú RNCCN go bhfeadfaí go gcuirfí san áireamh fosta le haisghairm Acht 1737 go mbeadh cead uachtanna a dhéanamh amach go hoifigiúil trí Ghaeilge fosta, dá mba mhian le daoine sin a dhéanamh. Dá dtarlódh sin, nuair a bheadh deimhniú cúirte ar bun chun uacht a dhearbhu, d'fheadfaí go nglacfaí leis trí Ghaeilge fosta.

SEIRBHÍSÍ POIBLÍ A ÚSÁID TRÍ GHAELGE AGUS COMHFHREAGRAS A DHÉANAMH TRÍ GHAELGE AR LÍNE, TRÍD AN PHOST NÓ AR GHUTHÁN

GO PRAITICIÚIL, CAD É ATÁ I GCEIST LEIS SEO?

- Cuirfidh an Coimisinéir Gaeilge dualgas ar údaráis phoiblí 'aird mar is cuí' a thabhairt ar a gcaighdeáin teanga, a chinnteoidh go mbeidh siad ábalta leibhéal seirbhísí a sholáthar do phobal na Gaeilge. Beidh an leibhéal seirbhísí sin ag brath go hiomlán ar an leibhéal idirghníomhaithe a bhíonn ag an údarás poiblí le pobal na Gaeilge. Beidh an measúnú sin le déanamh ag an Choimisinéir Gaeilge.
- Ní hionann sin agus a rá go dtabharfar tús áite do phobal na Gaeilge, ach cinntíonn sé gur feidir le pobal na Gaeilge na seirbhísí céanna atá ar fáil i mBéarla a fháil i nGaeilge. Cinntíonn seirbhís dhátteangach go gcuireann soláthróirí a gcuid seirbhísí ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge.
- Chuige sin, beidh dualgas ar na húdaráis phoiblí a mbíonn teagmháil rialta acu le pobal na Gaeilge na seirbhísí sin a chur ar fáil, agus ní bheidh an ceart ag údaráis phoiblí a dhiúltaigh seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil roimhe seo cloí leis an chur chuige sin. Mar shampla;



1. Bí ag súil le suíomhanna idirlín na n-údarás poiblí a úsáid trí Ghaeilge.
2. Bí ag súil le tuilleadh Gaeilge a fheiceáil mar chuid d'fhéiniúlacht chorparáideach na n-údarás poiblí (m.sh. lógónna, ábhar, brandáil).
3. Bí ag súil le tuilleadh Gaeilge ar na meáin shóisialta atá ag na húdaráis phoiblí.
4. Ba cheart go mbeadh tuilleadh Gaeilge le feiceáil ar chomharthaíocht sna hOllscoileanna.
5. Ba cheart go mbeadh an ceart agat foirm iarratais trí Ghaeilge a lorg ó údaráis phoiblí (m.sh. do cheadúnas tiomána, billí rataí).
6. Ba cheart go mbeadh an ceart agat comhfhreagras scríofa trí Ghaeilge a chur chuig údarás poiblí agus freagra a fháil trí Ghaeilge gan aon mhoill bhreise.
7. Má bhíonn tú ag plé ar ghuthán le húdarás poiblí i gceann de na catagóirí caighdeáin is airde, ba cheart go mbeadh an rogha agat an comhrá sin a dhéanamh trí Ghaeilge.
8. Ba cheart go gcuirfí seirbhísí fuaime / turas fuaime ar fáil sna mhór ionaid turasóireachta.
9. Bí ag súil le tuilleadh Gaeilge a fheiceáil ar fheachtais mhargáíochta, mar chuid d'fhoilseacháin agus d'fhógraí atá ag údaráis phoiblí sna catagóirí is airde.
10. Bí ag súil le tuilleadh Gaeilge a chluinstin sa Tionól le linn na seisiún iomlánach.

03

GABH I MBUN GNÍMH LE DO CHOMHAIRLE ÁITIÚIL



GO PRAITICIÚIL, CAD É ATÁ I GCEIST LEIS SEO?

De réir na CETRM, ba cheart go mbeadh lucht labhartha na Gaeilge ábalta plé / dul i dteagmháil lena gcomhairle áitiúil féin trí Ghaeilge. Roimh RNCCN, bhí an cineál ruda seo iontach dúshlánach agus deacair do phobal na Gaeilge. Seans gur scríobh duine chuig an chomhairle i nGaeilge agus go bhfuair siad freagra i mBéarla, nó go raibh moill mhór ar an fhreagra sin trí chéile.

Ba cheart go gcuirfí na comhairlí áitiúla sa chatagóir is airde maidir leis an caighdeán teanga mar chuid den rangú a bheas le déanamh ag an Choimisinéir Gaeilge, mar gheall ar an leibhéal ard idirghníomhaithe a bhíonn acu le pobal na Gaeilge.

Seo liosta seirbhísí nó deiseanna nua ar cheart do phobal na Gaeilge bheith ag súil leo;

1. Comhfhreagras a dhéanamh le do chomhairle áitiúil agus iarratais a dhéanamh i nGaeilge trí ríomhphost, litir, suíomhanna idirlín nó ar na meáin shóisialta agus freagra a fháil trí Ghaeilge gan aon mhoill bhreise.
2. Seirbhís a lorg trí Ghaeilge más ag plé leis an chomhairle ar an ghuthán a bhíonn tú.
3. Tuilleadh Gaeilge a fheiceáil ar mhargaíocht de chuid na Comhairle mar aon le foilseacháin agus fógraí.
4. Teacht ar fhoirmeacha agus ar chaipéisí poiblí i nGaeilge mar aon leis an Bhéarla.
5. Ardú sa líon rannpháirtíochta a bhíonn ag an chomhairle in ócáidí cultúrtha ar nós Seachtain na Gaeilge le Energia.
6. An ceart Gaeilge a úsáid i bpríomhsheomra na Comhairle le linn cruinnithe / díospóireachtaí.
7. Go mbeadh polasaí Gaeilge agus straitéis / plean gnímh ag an Chomhairle, atá oiriúnach don cheantar sin.
8. Plé le hoifigeach ar leith don Ghaeilge a oibríonn leis an chomhairle.

04

AN CEART BUAIRIMH A ARDÚ LEIS AN CHOIMISINÉIR GAELGE

GO PRAITICIÚIL, CAD É ATÁ I GCEIST LEIS SEO?

- Beidh sé mar fhreagracht de chuid an Choimisinéara Gaeilge cinntiú go bhfuil 'aird mar is cuí' á tabhairt ag údaráis phoiblí ar na caighdeáin teanga a leagfar amach. Beidh aitheantas dlíthiúil ag na caighdeáin seo, mar sin beidh siad infhorfheidhmithe le dlí. Chuige sin, má bhíonn tú míshásta leis an leibhéal seirbhíse a fhaigheann tú ó údarás poiblí, beidh suas go 3 mhí agat gearán oifigiúil a chlárú leis an Choimisinéir Gaeilge. Seo deis nach raibh ar fáil do phobal na Gaeilge roimhe seo.
- Déanfaidh an Coimisinéir Gaeilge athbhreithniú ar do ghearán.
- Má mheasann an Coimisinéir Gaeilge nach bhfuil aon bhunús leis an ggearán a fhiosrú, ní mór don Choimisinéir scríobh chugat, agus a c(h)uid cúiseanna maidir leis an chinneadh sin a chur in iúl duit.
- Má tharlaíonn, agus fiosrúchán déanta, gur léir gur theip ar an údarás poiblí 'aird mar is cuí' a thabhairt ar na caighdeáin teanga, foilseoidh an Coimisinéir tuairisc mar aon le plan gnímh chun an cheist a réiteach (mar shampla, go gcuirfear foireann an údaráis sin faoi oiliúint).



05

AN CEART IMEACHTAÍ CÚIRTE A LORG TRÍ GHAeilGE



GO PRAITICIÚIL, CAD É ATÁ I GCEIST LEIS SEO?

- Sa chás go gcuirfear toghairm ort dul os comhair na cúirte, beidh an ceart agat imeachtaí na cúirte a iarraidh trí Ghaeilge.
- Dá nglacfaí leis an iarratas, bheadh an cead agat fianaise a thabhairt trí Ghaeilge, agus bheadh deis éisteacht chúirte teaghlaigh agus caingne shibhialta a dhéanamh trí Ghaeilge.
- Sa chás go mbeadh gach páirtí sásta imeachtaí na cúirte a reachtáil trí Ghaeilge, ach nach mbeadh Breitheamh le Gaeilge ar fáil, d'fheadfaí Breitheamh aneas a lorg ar iasacht (tá an cleachtas seo i

bhfeidhm cheana féin). D'fheadfaí go socródh an chúirt "lá imeachtaí Gaeilge" a chur sa dialann go míosúil le freastal ar imeachtaí cúirte trí Ghaeilge le chéile

- Dá dtabharfaí cead duit fianaise a thabhairt trí Ghaeilge, ach gur i mBéarla a bhí imeachtaí na Cúirte roimhe sin, is dócha go gcuirfí ateangaire ar fáil a dhéanfadh do chuid cainte a aistriú go Béarla dóibh siúd gan Ghaeilge i seomra na Cúirte. Is dócha gur seirbhís chomhuaineach, éighníomhach a bheadh i gceist, mar a bheas i bhfeidhm sa Tionól (féach lch 35).

BÍ AG SÚIL LE TUILLEADH GAELGE A FHEICEÁIL GO POIBLÍ AGUS I SPÁSANNA COMHROINNTE



GO PRAITICIÚIL, CAD É ATÁ I GCEIST LEIS SEO?

Cuireann infheictheacht mhéadaithe le normalú méadaithe agus muid ag plé le teangacha dúchasacha, rud a chuireann le caoinfhulaingt mhéadaithe agus le comhbhá. Dá mhó a fheiceann muid rud, is é is normálta a mhothóidh sé.

Ní sháraíonn an chomharthaíocht dhátteangach cearta an duine. Níl aon cheart ann gan teanga a fheiceáil. Cuireann comharthaí dátteangacha leis an líon deiseanna a bhíonn ag pobal na Gaeilge a dteanga féin a fheiceáil, mar atá ann do lucht labhartha an Bhéarla cheana féin.

Ag teacht le spiorad an chomhaontaithe, RNCCN, bí ag súil le tuilleadh Gaeilge a fheiceáil go poiblí agus is spásanna comhroinnte.

Mar shampla, ba cheart go mbeadh méadú ar líon na gcomharthaí dátteangacha a bheadh le feiceáil;

1. Ag eastát Chnoc an Anfa.
2. Ag páirceanna súgartha agus imeartha (mar shampla ag Crann Mór nó Fearann na Coille).
3. Ag trána (mar shampla Cuan Héilin, Tigh Riala nó Port na Binne Uaine).
4. Ar bhealaí rothaíochta agus spaisteoireachta (mar shampla Binn Chuilceach, na Beanna Boirche nó Cosán tarraingthe an Lagáin).
5. Ar iompar poiblí (mar shampla ar mhodhanna éagsúla Translink).
6. I dtearmainn dúlra (mar shampla ag Cluain an Bhogaidh nó ag Sráid Ceallaigh, Co Aontroma)
7. I limistéir sháráilleachta nádúrtha (mar shampla ag Clochán an Aifir nó ag Fáinne Cnoc Shliabh gCuillinn).
8. Ar fhoirgnimh nó áiseanna de chuid na Comhairle (m.sh. Halla na Cathrach, Béal Feirste, nó Ionad fóillíochta Olympia).

07

TACAÍOCHT MHÉADAITHE DO GHAELSCOILEANNA AGUS DO THEAGHLAIGH ÓN ROINN OIDEACHAIS AGUS ÓN ÚDARÁS OIDEACHAIS

GO PRAITICIÚIL, CAD É ATÁ I GCEIST LEIS SEO?

Tá dualgas reachtúil ar an Roinn Oideachais leis an Ghaelscolaíocht, an earnáil oideachais is mó fáis anseo, a chur chun cinn agus a éascú. In ainneoin seo, rinneadh earnáil na Gaelscolaíochta a thearcmhaoiniú agus a imeallú go stairiúil.

Tá an tÚdarás Oideachais ceaptha ag an Roinn Oideachais agus iad freagrach as roinnt agus dáileadh maoinithe don oideachas agus do sheirbhísí óige ó thuaidh. Mar gheall ar an leibhéal ard idirghníomhaithe a bhíonn acu le pobal na Gaeilge, ba cheart go mbeadh an tÚdarás Oideachais luaite leis an chatagóir is airde sna caighdeáin teanga.



I measc na n-athruithe ar cheart bheith ag súil leo mar thoradh ar reachtaíocht RNCCN, luaitear na nithe seo a leanas;

1. Moltaí forbartha do chóiríocht bunaithe ar riachtanais agus ar éileamh, in áit ar rogha / tosaíocht an Aire.
2. Tacaíocht, acmhainní agus maoiniú méadaithe do Ghaelscoileanna.
3. Tacaíocht mhéadaithe do pháistí i nGaelscoileanna a bhfuil sainriachtanais oideachais acu.
4. Tacaíocht, acmhainní agus maoiniú méadaithe do sholáthróirí sheirbhísí óige.
5. Go ndéanfaí comhairliúchán le pobal na Gaeilge maidir le cinní a bhaineann leis an Ghaelscolaíocht.
6. Tacaíocht oiriúnach do thuismitheoirí agus do pháistí Gaeloideachais, agus an méid sin trí Ghaeilge.
7. Tacaíocht agus acmhainní oiriúnacha do thuismitheoirí agus do pháistí Gaeloideachais a bhfuil sainriachtanais oideachais acu.

08

TUILLEADH GAEILGE AR AN TEILIFÍS, AR AN RAIDIÓ AGUS AR LÍNE



GO PRAITICIÚIL, CAD É ATÁ I GCEIST LEIS SEO?

Bunaíodh An Ciste Craoltóireachta Gaeilge (CCG / ILBF) in 2004 chun ábhar Gaeilge ard-chaighdeáin a sholáthar mar scannáin, don teilifís agus i bhformáid eile na n-íomhánna gluaisteacha ó thuaidh. Maoiníonn an Ciste íosmhéid de 70 uair d'ábhar Gaeilge gach bliain idir BBC, TG4 agus RTÉ.

Mar thoradh ar chomhaontú RNCCN, ba cheart go mbeadh pobal na Gaeilge ag súil leis na hathruithe seo a leanas:

1. Maoiniú méadaithe do scéimeanna CCG.
2. Tionscnaimh oiliúna mhéadaithe do stáisiúin raidió agus teilifíse Gaeilge.
3. Fógraí do chlár Ghaeilge ar an BBC.
4. Uaireanta méadaithe do theilifís Ghaeilge, clár raidió Ghaeilge agus ar ábhar idirlín idir gach cainéal.
5. Réimse ábhair níos leithne faoi chaibidil ag na cainéil Ghaeilge.
6. Clúdach méadaithe ar scéalta atá ábhartha do phobal na Gaeilge ar chainéil nuachta.
7. Ábhar oideachasúil méadaithe ar líne, ar raidió agus ar an teilifís.

ISLANDBAWN STREET SRÁID AN OILEÁIN BHÁIN

09

DUL CHUN CINN MAIDIR LE POLASAITHE CHOMHARTHAÍOCHT SRÁIDE SNA COMHAIRLÍ ÁITIÚLA, GO HÁIRITHE SNA COMHAIRLÍ SIN NACH BHFUIL POLASAÍ ANN FAOI LÁTHAIR

GO PRAITICIÚIL, CAD É ATÁ I GCEIST LEIS SEO?

Tá comharthaíocht sráide faoi chúram na gComhairlí Áitiúla. Tá éagothromaíocht shuntasach idir na polasaithe chomharthaíocht sráide atá in achan cheantar comhairle. Tagann an easpa aonfhoirmeachta seo salach ar an deachleachtas, agus tá ag teip ar thromlach na gcomhairlí i láthair na huaire a gcuid oibleagáidí i leith na Gaeilge faoin CETRM a chomhlíonadh.

Faoi láthair, tá 3 comhairle ann nach bhfuil aon pholasaí acu chun próiseas ceadaithe do chomharthaí dátheangacha a éascú (Comhairle Ceantair Lár agus Oirthear Aontroma, Comhairle Ceantair Aontroma agus Bhaile Nua na Mainistreach agus Comhairle Ceantair an Dúin Thuaidh agus na hArd).

Tá 3 comhairle eile a bhfuil tairseach in úsáid acu chun go gceadófaí comharthaí dátheangacha a lorgaíonn olltromlach tacaíochta nach bhfuil réalaióch ó $\frac{2}{3}$ de chónaitheoirí agus mura thugann cónaitheoir freagra ar an tsuirbhé, glactar leis go bhfuil siad i gcoinne an mholta (Comhairle Ceantair Lios na gCearrbhach agus an Chaisleáin Riabhagh, Comhairle Ceantair Chósta an Chlocháin agus na nGlinnte agus Comhairle Ceantair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon).

Ba cheart go mbeadh lucht labhartha na Gaeilge sna ceantair-chomhairle seo ag súil le forbairtí a fheiceáil maidir leis na polasaithe atá i bhfeidhm chun comharthaí dátheangacha a bhaint amach; ba cheart go mbeadh cónaitheoir aonair nó comhairleoir tofa áitiúil ábalta an próiseas a chur ar bun ar an chéad dul síos, ansin bheadh an líon tacaíochta atá de dhíth bunaithe ar;

(i) tromlach simplí freagróirí (50+1%). Leis seo bíonn an cinneadh maidir leis an chomhartha dháttheangach a chur in airde bunaithe ar an líon daoine a fhreagraíonn an suirbhé a dhéantar trí vótaí poist. Mura dtugann ach triúr cónaitheoirí freagra, agus tá beirt ar son, éiríonn leis an mholadh agus cuirtear an comhartha in airde. Tá an polasaí seo i bhfeidhm cheana féin i gComhairle Lár Uladh agus i gComhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin.

(ii) 15% líon iomlán na gcónaitheoirí. Tá an figiúr seo ag teacht le treoir na NA (idir 5-20% agus muid ag plé le teangacha mionlaigh). Táthar ag súil go mbeidh an polasaí seo i bhfeidhm i gComhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin agus i gComhairle Cathrach Bhéal Feirste roimh i bhfad.


10


CUR CHUIGE NÍOS COMHORDAITHE ÓN RIALTAS TRÍ STRAITÉIS CHUN AN GHAELGE A CHUR CHUN CINN AGUS A FHORBAIRT

GO PRAITICIÚIL, CAD É ATÁ I GCEIST LEIS SEO?

Soláthraíonn Straitéis don Ghaeilge deis chun planáil fhadtéarmach a dhéanamh a cheanglaíonn gach gné de shaol an phobail le chéile. Leagtar amach sa Straitéis cuspóirí réadúla agus torthaí intomhaiste mar a bhaineann le forbairt na Gaeilge. Go bunúsach is treochlár faoi cheangal ama í an Straitéis atá dírithe ar an phobal. I measc na spriocanna, beidh sé i gceist go mbainfí na nithe seo a leanas amach tríd an Straitéis seo don Ghaeilge:

1. Feasacht an phobail a ardú maidir leis an Ghaeilge trí mhargaíocht, infheictheacht agus comharthaíocht.
2. Tacaíocht, acmhainní agus maoiniú do naíscoileanna, bunscoileanna agus meánscoileanna Gaeilge a mhéadú.
3. Rochtain an phobail ar an Ghaeilge agus caoinfhulaingt i leith na teanga uilig a ardú trí fheachtais fheasachta agus ceardlanna feasachta.
4. An líon iomlán cainteoirí Gaeilge a ardú trí fheachtais ar nós 'Líofa'.
5. Tionscnaimh a fhorbairt a chothóidh agus a thacóidh le gréasán reatha na gcainteoirí Gaeilge.
6. An líon deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den tseomra ranga a mhéadú.
7. Tacaíocht don Ghaeilge sna meáin agus sna healaíona a ardú.
8. Pleananna teanga pobalbhunaithe a fhorbairt.







SONRAÍ TEAGMHÁLA:

Conradh na Gaeilge,
200-202
Bóthar na bhFál,
Béal Feirste,
BT12 6AH
cuisle@cnag.ie
www.cnag.ie | www.dearg.ie